



TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2008

Orthophotography - Shannon

Suirbhéireacht Ordanáis
Éireann (OS*i*)

TUARASCÁIL
BHLIANTÚIL 2008

CLÁR NA nÁBHAR

Misean agus Fís	3
Feidhmeanna an OSi	4
Buaicphointí 2008	5
Ráiteas an Chathaoirligh	7
Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh	9
Na Comhaltaí Boird	12
Athbhreithniú ar Tháirgeadh Mapála	13
An Rannóg um Theicneolaíocht Mhapála	16
Athbhreithniú ar Dhíolacháin agus Mhargaíocht	19
Acmhainní Daonna	25
Seirbhísi Corparáideacha	28
Athbhreithniú Airgeadais	32
Ráitis Airgeadais	34

Suirbhéireacht Ordanáis Éireann

Ráiteas Mísín

Feabhas maidir le seirbhísí um fhaisnéis mhapála agus spásúil ar ardchaighdeán a chur ar fáil le freastal ar riachtanais na sochaí.

Misean bainte amach trí Luachanna Daoine bunaithe ar:
Freagúlacht, Fiontraíocht, Nuálaíocht, Éifeachtacht, Torthaí.

Fís an OSi

“Leanfaidh Suirbhéireacht Ordanáis Éireann, an Ghníomhaireacht Mapála Náisiúnta ó bhí 1824 ann, de shaineolas riachtanach a chur ar fáil le tacú a chur faoi Fhorbairt Shóisialta agus Eacnamaíoch na hÉireann”

***Feidhmeanna an OSi faoi mar a sracléirítear san Acht um Shuirbhéireacht
Ordanáis Éireann***

Is é cuspóir ginearálta an Osi ná seirbhís náisiúnta mapála sa Stát a chur ar fáil. Maidir leis seo feidhmeoidh sé chun leas an phobail trí thaifid mhapála náisiúnta dheifnídeacha agus thaifid gheografacha bhainteacha an stáit a chruthú agus a chothabháil.

Áireofar ar fheidhmeanna an OSi na tascanna uile a bhfuil gá leo lena fheidhm ghinearálta a chomhlíonadh.

- (a) An bonneagar fisiciúil bunúsach atá de dhíth le tacú lena fheidhmchláir mhapála a chothabháil agus a fhorbairt.
- (b) Cruthú agus cothabháil a dhéanamh do na bunachair shonraí mapála agus gheografacha bhainteacha uile.
- (c) Faisnéis mhapála agus gheografach bhainteach a sholáthar do na hearnálacha poiblí agus príobháideacha.
- (d) Na buntáistí a bhaineann leis na bunachair shonraí mapála náisiúnta agus bunachair shonraí bhainteacha a úsáid a spreagadh agus a chur chun cinn.
- (e) Le comhairle a thabhairt don Rialtas, d'Aire an Rialtais, chomhlacht arna bhunú le reacht nó faoi reacht agus eagraíochtaí earnála poiblí eile ar chúrsaí a bhaineann le polasaí agus cleachtas faisnéis suirbhéireachta, mapála agus gheografach.
- (f) Le hionadaíocht a dhéanamh don Stát ag leibhéal idirnáisiúnta maidir le faisnéis mhapála agus gheografach.
- (g) An tacaíocht theicniúil a theastaíonn a chur ar fáil don Phríomh-Shuirbhéir Teorann i ndáil le feidhmíocht a dhualgas eile.
- (h) Le logainmneacha agus gnéithe ársa sna taifid agus sna bunachair shonraí mhapála náisiúnta agus bhainteacha a léiriú.
- (i) Le Cóipcheart an Rialtais a chosaint.

BUAICPHOINTÍ 2008

- ✓ Fuarthas díolacháin de €22.2 in 2008 ó ghníomhaíochtaí tráchtála cosúil le sonraí ceadúnaithe agus díolacháin mhapaí arbh ionann é agus méadú de 3.4% iad ar fhiúirí díola na bliana roimhe sin. Léirigh sé seo ghnóthú sármhaith ag féachaint ar an timpeallacht ghnó agus dalaí margaidh deacra.
- ✓ Ba é an Státchiste láir a tharraing an OSi anuas in 2008 ná €5.97m, a léiríonn treocht anuas leanúnach i soláthar an stáit
- ✓ Conarthaí díolachán ilbhliantúla úra a rinneadh le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Calafort Bhaile Átha Cliath, leis an bPríomh-Bhord Iascaigh agus leis na Fórsaí Cosanta
- ✓ Lainseáil de Sheirbhís/Mhapaí Cliste Tuairiscithe Comhshaoil náisiúnta ar líne
- ✓ Baineadh gach sprioc amach sa mhórchonradh leis an Údarás Clárúcháin Maoine (Clárlann na Talún roimhe seo), a bhain le 2,100 mapa a chur ar fáil in 2008.
- ✓ Mhair an sprioc ghnó faoin gclár um fheabhas ar cháilíocht sonraí chun tosaigh an sceidil agus atá de réir sprice um chur i gcrích roimh lár na bliana 2009.
- ✓ Cur i bhfeidhm córas faisnéis bainistíochta saincheaptha, a ionchorpraíonn samhail costála tionscadal, le cuidiú leis an anailís mhionsonraithe ar chostais tionscadal ar fud na heagraíochta lena n-áirítear an caiteachas airgeadais ar mhapáil leas an phobail.
- ✓ Príomh-tháscairí feidhmíochta (KPIanna) ardleibhéil forbartha agus curtha i bhfeidhm tuilleadh ar fud na heagraíochta le tuairisciú agus monatóireacht feidhmíochta an chleachtais is fearr a sholáthar
- ✓ Tús le Tionscadal Seomra Ríomhghnó dírithe ar réitigh faisnéise spásúla a sholáthar do chustaiméirí agus sheirbhísí feabhais do chustaiméirí
- ✓ Méadú táirgiúlachta de 20% ar shonraí a seachadadh i dTionscadal an Údaráis Clárúcháin Maoine
- ✓ Lainseáil d’Fhoirne Nuálaíochta Trasfheidhmiúla.
- ✓ Tús le Tionscnamh Criptiúchán Sonraí
- ✓ Tá bunachar sonraí úr a chuimsíonn limistéar na teorann a bhain leis an OSI agus OSNI cruthaithe ag an Tionscadal Mapála Teorann

- ✓ C6ras um Bainist6ocht ar Chaidreamh Custaim6eir6i nuashonraithe Curtha i bhFeidhm.

RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH



Tá an-áthas orm bliain rathúil eile don OSI a thuairisciú de thoisic gur fhás ioncam trádála na heagraíochta agus lean sí dá sainordú a sheachadadh i gcoinne dálaí margaidh atá ag éirí níos deacra.

Ó bunaíodh Suirbhéireacht Ordanáis Éireann mar chomhlacht stáit in 2002 tá clú tarraingthe air féin tríd an dóigh a bhfuil a dhé-shainordú forbartha aige i ndáil leis na taobhanna tráchtála agus leas an phobail dá ghnó. Mheas an Bord i gcónaí go bhfuil sé an-tábhachtach go bhfuil trédhearcacht i gceist leis maidir leis an dóigh a ndéantar cuntas agus tuairisciú ar na réimsí g nó mapála tráchtála agus leas an phobail araon do ghníomhaíochtaí na heagraíochta ó thaobh airgeadais de. Meastar go léiríonn an riachtanas seo maidir le soiléireacht níos mó ar an dóigh a ndéantar maoiniú a leithdháileadh idir dé-shainorduithe an OSI an cleachtas is fearr um bainistíocht airgeadais agus is réamhriachtanas é lena chinntiú go seachadann an eagraíocht luach ar airgead i bhfoirm deontais i gcabhair ón Oireachtas. Cuireann forbairt Chomhaontú an Leibhéil Seirbhíse lenár máthair-Roinn tacú faoin bpróiseas seo trí leibhéal leas an phobail maidir le mapáil a dhéanann an eagraíocht i ndáil leis an maoiniú a chuireann an rialtas ar fáil tríd an deontas i gcabhair a mhionsonrú.

Tá áthas orm a bheith ábalta a thuairisciú go dtug an OSI córas tuairiscithe airgeadais bhliantúil isteach in 2008 a sholáthraíonn sonraí cuimsitheacha ar na costais a thabhaíonn an eagraíocht maidir lena hoibleagáid ar mhapáil leas an phobail a chomhlíonadh. Déanfaidh an fhaisnéis airgeadais atá ar fáil anois ar leithdháileadh na gcostas maidir le taobhanna tráchtála agus leas an phobail den ghnó de nósanna imeachta um thuairisciú airgeadais a threisiú, rachaidh sí i gcion ar aschuir oibre an Leibhéil Seirbhíse agus cumasóidh sí trédhearcacht mhéadaithe i ndáil leis an dóigh a ndéanann an eagraíocht airgead cáiniocóirí óna bhfaightear an deontas i gcabhair a úsáid agus a sainordú á chomhlíonadh aici.

Tugann an Bord ardtosaíocht do rialachas corparáideach bunaithe ar an gcleachtas is fearr. Faoi théarmaí an Achta lena mbunaítear an OSI aithnítear an eagraíocht mar chomhlacht corparáideach. Le roinnt blianta anuas tá forbairtí leanúnacha ag tarlú maidir leis na córais agus nósanna imeachta rialála is bun leis an gcleachtas rialachais is fearr lena n-áirítear comhlachtaí poiblí cosúil leis an OSI. Meastar go dtugann an creat rialachais faoina bhfeidhmítear an OSI tuilleadh cúnaimh don eagraíocht le forbairt níos mó go proifisiúnta trí na córais agus na próisis ábhartha a théann i ngleic leis na mórán teagmhas a d'fhéadfadh tarlú d'aonán casta cosúil leis an OSI.

Dá réir sin, in 2008 rinne an feidhmeannach anailís chuimsitheach ar bhainistíocht riosca eagrúcháin agus rinne an Bord athbhreithniú ar an anailís seo. Cinneadh sa

phróiseas seo go bhfuil córais rialaithe inmheánaigh chuí agus fhreagrúil i bhfeidhm le rioscaí suntasacha a mhaolú agus a ghníomhaíonn le neamhchosaint a choinneáil go dtí leibhéal áirithe. Cuireadh socruithe i bhfeidhm in 2008 le haghaidh tuairisciú ráithiúil a dhéanamh don Bhord ar an ngné thábhachtach seo de rialachas corparáideach.

I bhfianaise na timpeallachta gnó atá ag athrú agus níos dúshlánaí a tháinig chun cinn in 2008 lean an Bord d'athbhreithniú a dhéanamh ar threoir straitéiseach fhoriomlán na heagraíochta. Táim sásta go leanann an straitéis arna glacadh ag an eagraíocht le deiseanna margadh gnó úra agus i mbéal forbartha a bhaint amach mar aon le leanúint de luach méadaithe a thairiscint do chustaiméirí reatha ar fud raon de dheighleoga margaidh den bhealach chun cinn is fearr don OSI a chur in iúl. Bhí iarrachtaí na heagraíochta le costais inmheánacha a laghdú neartúcháin éifeachtachta agus táirgiúlachta níos mó a bhaint amach an-fhollasach in 2008 chomh maith.

Ag tús 2008 d'aistrigh an OSI a fheidhmeanna tuairiscithe foirmiúla ón Roinn Airgeadais go dtí an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Daonna. Tá áthas orm a thuairisciú go ndeachthas ar aghaidh leis an aistriú seo ar bhealach an-éifeachtach agus gur cuireadh na tacaí riachtanacha i bhfeidhm lena chinntiú go bhfuil riachtanais reachtúla na Ranna agus an OSI araon á gcomhlíonadh ar bhonn leanúnach.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Daonna agus lena oifigigh ranna as an méid a chuir siad leis an OSI i rith 2008 agus as dtacaíocht leanúnach.

Chomh maith leis sin ba mhaith liom comhghairdeas a dhéanamh leis an bPríomh-Oifig Feidhmiúcháin, an Iníon Geraldine Ruane, agus le foireann an OSI as an gcúnamh sármhaith atá tugtha acu i dteannta a chéile le freastal ar riachtanais ár gcustaiméirí. Ar deireadh, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt d'obair agus do thiomantas mo chomhghleacaithe ar an mBord agus mo bhuíochas a thabhairt dá n-iarrachtaí maidir leis seo.

Kevin Bonner
Cathaoirleach

ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMH-OIFIGIGH FEIDHMIÚCHÁIN



Lean feidhmíocht an OSI in 2008 ag léiriú chumas na heagraíochta fás foriomlán in ioncam a bhaint amach agus na buntáistí teicneolaíochta a bharrfheabhsú ag an am céanna le leibhéil níos mó seirbhíse agus luacha ar airgead dár gcustaiméirí a chinntiú.

Lean feidhmíocht an OSI in 2008 ag léiriú chumas na heagraíochta fás foriomlán in ioncam a bhaint amach agus na buntáistí teicneolaíochta a bharrfheabhsú ag an am céanna le leibhéil níos mó seirbhíse agus luacha ar airgead dár gcustaiméirí a chinntiú.

Táim sásta a rá go ndearnadh díolacháin de €22.2 milliún in 2008 i dtimpeallacht ghnó an-dúshlánach inar tharla cor chun donais eacnamaíoch suntasach i gcuid dár réimsí margaidh níos traidisiúnta lena n-áirítear go sonrach an earnáil tógála. Tháinig an gnóthú d'fhás 3% i ndíolacháin ghnó san iomlán ó ghníomhaíocht tráchtála mhéadaithe i réimsí cosúil le díolacháin sonraí ceadúnaithe agus mhapaí.

Is é cuspóir straitéiseach tábhachtach don OSI ná a bhonn custaiméirí a leathnú agus a mhéadú trí fhaisnéis gheografach a chur chun cinn mar rannpháirtí éifeachtúil maidir le réitigh ghnó a fháil d'eagraíochtaí na hearnála príobháidí agus poiblí. Le linn 2008 chuaigh an OSI isteach i ndíolacháin ilbhliantúla úra le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Calafort Bhaile Átha Cliath, leis an bPríomh-Bhord Iascaigh agus leis na Fórsaí Cosanta. Lean an leibhéal de ghníomhaíocht tráchtála le gnóthaí na hearnála príobháidí ag fás le linn 2008 agus is ionann é agus iomlán de 52% d'ioncam tuillte na heagraíochta anois. Leanfar d'ábhacht mhéadaithe na faisnéise geografaí do dhaonra níos leithne de leasanna a chur chun cinn mar bhonn fhaisnéis agus infheidhmeacht threisiúcháin na sonraí mar aon le hinrochtaineacht na teicneolaíochta mar mhodh le seachadadh ar an bhfaisnéis sin. Maidir leis seo cuireadh Tionscadal Seomra Ríomhghnó chun cinn le linn 2008 a threiseoidh an tseirbhís atá ar fáil do chustaiméirí agus a bhainfidh éifeachtacht eagrúcháin inmheánach níos mó ina iomláine amach.

Le linn 2008 chuir an eagraíocht tús le tionscnamh um sheirbhís custaiméirí thábhachtach d'fhonn leanúint d'fheabhsuithe a dhéanamh ar an réimse fíorthábhachtach seo de ghníomhaíocht gnó an OSI. Chuir an cur i bhfeidhm de chóras bainistíochta um chaidreamh custaiméirí feabhsaithe lena chinntiú go nglactar cur chuige leathan agus córasach níos eagraíochtúla maidir le ceistanna custaiméirí a réiteach. Tá gnóthú an fheabhais i seirbhís custaiméirí a sheachadadh á fheabhas go mór tríd an tionscnamh seo agus leanfar d'fhorbairt a dhéanamh air amach anseo.

Meastar nuálaíocht i ndáil le forbairt táirgí agus feabhas próisis agus córais mar phríomhchuid de rath an OSI anois agus amach anseo. Bhí stair bródúil de nuálaíocht ag an eagraíocht i gcónaí agus ar fud a staire rinneadh nuálaíocht a spreagadh agus a thacú i gcónaí. In 2008 lainseáladh próiseas nuálaíochta foirmiúil ar fud na heagraíochta. Baineann an tionscnamh seo le roinnt foirne trasfheidhmiúla de bhaill foirne a tháirg iad féin, chomh maith lena ngnáthdualgais a chomhlíonadh, le hoibriú ar phríomhcheisteanna straitéiseacha atá os comhair na heagraíochta sa ghearrthearma agus sa mheántearma. Is deis chorrathach í an fhorbairt seo don OSI le caipitliú ar bhuan a Dhaoine agus a cheisteanna straitéiseacha atá dírithe ar deireadh ar chur le hacmhainneacht giniúna ioncaim na heagraíochta ag an am céanna.

Rinneadh Tionscadal Mapála Réigiún Trasteorann a chur i gcrích in 2008 a bhain le OSI agus Suirbhéireacht Ordanáis Thuaisceart Éireann LPS. Mar thoradh ar an aschur as an gcomhthionscadal seo cruthaíodh bunachar sonraí úr ar feadh réigiún na teorann. Tá an tionscadal seo suntasach toisc go ndearnadh na sonraí a chomhtháthú isteach i mbunachair shonraí mhapaí na dá eagraíochta ag soláthar comhordanáidí comhaontaithe do gach gné laistigh de chileaméadar amháin dá chustaiméirí. Leanann an comhthionscadal seo d'fhorbairt a dhéanamh ar na naisc láidre chomhoibriúchá atá ann idir an dá eagraíocht.

Lean an OSI in 2008 dá chinntiú go raibh bealaí níos cairdiúla á soláthar don phobal i gcoitinne agus do chustaiméirí go háirithe le rochtain a fháil ar fhaisnéis ar ról na heagraíochta agus ar an raon leathan de na táirgí agus de na seirbhísí mapála atá ar fáil. Bhí forbairt ár seirbhísí gréasáin feiceálach maidir le rochtain níos fusa a éascú agus táthar ag déanamh scrúdaithe ar bhealaí úra i gcónaí le heispéireas agus idirghníomhaíocht an chustaiméara leis an eagraíocht a fheabhsú.

I lár 2008 lainseáladh láithreán gréasáin an OSI le stíl úr www.OSi.ie agus táim an-sásta a rá gur tharla méaduithe suntasacha i dtrácht an innill chuardaigh agus i gcuairteoirí an láithreáin sa tréimhse ó thosaigh sé seo. Bhain an láithreán gréasáin roinnt de dhámhachtainí tionscail in 2008 lena n-áirítear Golden Spiders Best eBusiness Website agus an Láithreán Gréasáin Oideachais, Oiliúna & Taighde is Fearr. Chomh maith leis sin, bhain an láithreán gréasáin an Dámhachtain um Rialtas Nuálaíochta le haghaidh Seirbhísí do Chustaiméirí a aithníonn sármhaitheas agus nuálaíocht san earnáil phoiblí. Is ómós é an ghnóthachtáil seo d'obair chrua agus do chruthaitheacht ár nDaoine, a lán acu a bhí bainteach go díreach agus go neamhdhíreach sa tionscadal seo.

In 2008 lean an OSI de ról thábhachtach a ghlacadh i bhforbairt leanúnach an Tionscail Gheografaigh in Éirinn. Chomhlíon an eagraíocht an fheidhm thábhachtach seo trí shaolré agus chruinneas an bhunachair shonraí mhapála náisiúnta a chothabháil trína cláir leasaithe struchtúracha a nuashonrú agus a fheabhsú. Lena chois sin lean an eagraíocht de chaighdeán agus de shonraíochtaí a bhí comhsheasmhach go náisiúnta a sholáthar ar fud gach réimse gheografaigh náisiúnta gan aird ar shuíomh nó ar inmharthanacht tráchtála. Trí na príomhchuspóirí eagrúcháin seo a bhaint amach bhí an OSI ábalta a riachtanais reachtúla a chomhlíonadh agus bhí sé ábalta oibleagáidí an dé-shainordaithe maidir leis an leas náisiúnta agus le gníomhaíocht an ghnó tráchtála araon a chomhlíonadh.

Le linn 2008 ba é fócas straitéiseach an OSI ná dlúthscrúdú a dhéanamh lena chinntiú go raibh an eagraíocht ag oiriúnú do na dálaí margaidh ina bhfeidhmíonn sí a bhí ag athrú go gasta. Léirigh an eagraíocht i gcónaí an cumas a straitéisí a ailíniú lena timpeallacht ghnó atá ag athrú agus ag an am céanna a chinntiú go bhfuil a hoibleagáidí leas mapála náisiúnta á gcomhlíonadh fosta. Leanfaidh an raon straitéiseach de roghanna a roghnaíodh i gcomhthéacs an athbhreithnithe seo den OSI de chur ar a chumas oiriúnú go rathúil don timpeallacht atá ag athrú go gasta ina sholáthraíonn sé a leithéid de réitigh faisnéise spásúla riachtanaí do chustaiméirí.

I gcoinne timpeallacht ghnó inar tharla meath gan fasach in ioncaim i ndeighleoga áiríthe margaidh cosúil le hearnáil an tionscail tógála, tá an OSI ag síneadh a réimse margaidh le deiseanna gnó féideartha eile a chur san áireamh. Tá sé beartaithe ag an treoir straitéiseach seo laghdú ar bith sna réimsí níos bunaithe de ghníomhaíochtaí tráchtála na heagraíochta a mhaolú. Bhí na torthaí maidir leis seo an-dearfach agus táim sásta a rá gur bhunaíomar conarthaí úra in 2008 le raon gnóthaí úra agus reatha agus lainseálar raon de tháirgí nuálaíochta cosúil leis na Tuarascálacha Mapála Comhshaoil ar líne.

Is é dúshlán an OSI amach anseo ná a chinntiú go leanfaimid d'fheabhas a chur ar ár dtáirgí agus ar ár seirbhísí agus muid ag comhlíonadh riachtanais ár gcustaiméirí reatha agus dár raon de chustaiméirí úra a leathnú. Leanfaidh ár bhforbairtí teicneolaíochta leanúnacha agus ár gcumas feabhsaithe de chur le neartúcháin táirgiúlachta agus éifeachtachta ag leibhéal eagrúcháin inmheánaigh. I rith 2008 lean oiriúnú leanúnach ár nDaoine do bhainistíochta an athraithe agus don tiomantas dár gcustaiméirí de bheith rithábhachtach don dóigh a n-eagraíonn an eagraíocht í féin leis na dúshláin ghnó shuntasacha atá os comhair a chomhlíonadh le muinín.

Ar deireadh ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an gCathaoirleach, an tUasal Kevin Bonner agus a chomhchomhlachtaí Boird as a dtacaíocht ghníomhach agus as an méid a chuir siad leis an eagraíocht le linn 2008. Ina theannta sin ba mhaith liom mo fhíorbhuíochas a ghabháil le Daoine an OSI as a dtiomantas agus a ndíograis i ndáil leis an soláthraí faisnéise spásúla is rogha do chustaiméirí a dhéanamh den Ghníomhaireacht Mapála Náisiúnta.

Geraldine Ruane

Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin

Na Comhaltaí Boird



Kevin Bonner
Chairman



Bill Attley



Liam Egan



Pat W. Fenton



Michael Hayes



Anthony Murray



Liam O'Farrell



Noel Ryan



Rory Scanlon



Geraldine Stafford

ATHBHREITHNIÚ AR THÁIRGEADH MAPÁLA

Is é ról na Rannóige Táirgthe ná na príomhshonraí geografacha a sholáthraíonn an bonn le haghaidh na táirgí mapála a chruthú dár gcustaiméirí a bhailiú i bhfoirm Dhigiteach agus Pháipéir araon.

Tá an soláthar mapála do chustaiméirí atá reatha agus cruinn araon ina phríomhghné sa chúnamh a thugann an Rannóg Táirgthe lena chinntiú go ndéantar riachtanais úsáideoirí mhapála an OSI a chomhlíonadh. Thionscain an Rannóg Táirgthe Clár Leasaithe atá deartha le dul thar ionchais custaiméirí i mórán cásanna. Mar shampla tá mapáil Uirbeach (1:1000) agus Fho-Uirbeach (1:2500) na hÉireann á gcothabháil laistigh de thimthriall leasaithe bliana; mapáil Peiria-Uirbeach (1:2500) laistigh de thimthriall trí bliana agus an mhapáil Tuaithe (1:5000) laistigh de thimthriall cúig bliana agus cuireadh an chéad leasú den mhapáil seo i gcrích in 2007. Leantar den bhunachar sonraí 1:10000 seo a nuashonrú agus a fheabhsú de réir riachtanais táirgthe agus custaiméirí.

Rinne Tuarascálacha Bliantúla roimhe seo trácht ar an bpríomhthionscadal antábachtach atá á dhéanamh ag an OSI thar ceann an Údaráis Clárúcháin Maoine a bhaineann le teicneolaíocht Mapála Digtí a chur i bhfeidhm mar chuid den Chóras Faisnéise Comhtháite um Chlárúchán Teideal (ITRIS). Tá sonraí mapála an OSI lárnach maidir leis na tionscadal seo a chur i gcrích go rathúil agus táthar á sholáthar don PRA i bhformáid dhigiteach ag úsáid córas tagartha comhordanáideach an ITM úir (Trasteilgean Mercator na hÉireann). Achoimríonn an tionscadal seo an dul chun cinn suntasach atá á dhéanamh ag an OSI trí na nuálaíochtaí teicneolaíochta is déanaí a chur i bhfeidhm ar úsáidí praiticiúla le cuidiú le custaiméirí acmhainneacht níos mó a réadú ónár sonraí. Freastalaíonn tionscadal an PRA ar an leas náisiúnta sa deireadh agus déanann sé amhlaidh trí chur chuige réiteach bunaithe ar mhapáil dhigiteach deartha agus ceaptha ag an OSI a chur i bhfeidhm.

I dtéarmaí praiticiúla is éard atá i gceist leis an tionscadal, maidir le fiche a sé contae uile an Stáit, ná scálaí mapála a sholáthar don PRA chomh maith leis na sonraí mapála leasuithe a athsholáthar ag idirlinnte tréimhsiúla a chomhaontaítear idir na páirtithe. Don OSI, baineann an Conradh seo le gach mapáil (scálaí 1:1000; 1:2500 agus 1:5000) a sholáthar do na contae uile sa Stát agus na sonraí mapála leasuithe a athsholáthar ag idirlinnte a chomhaontaítear agus dá bhrí sin saolré na dtaifead a chuirfidh taca faoi chóras an PRA a chinntiú. Ó thionscnamh an tionscadail seo, bhain an OSI na spriocdhátaí uile amach agus mar thoradh an tionscadail seo, de bharr a nádúir theicneolaíoch chasta agus éileamh ar an mbeirt, rinneadh caidreamh oibre gairmiúil láidir a chothú idir an dá eagraíocht.

Feabhsú Sonraí

Is é ról an Rannán um Fheabhsú Sonraí ná sonraíochtaí Shonraí 1:1000 agus 1:2500 a fheabhsú, an Geo-Eolaire a chothabháil agus mapáil shaincheaptha a tháirgeadh don Phríomh-Oifig Staidrimh. Le linn 2008 bhí na príomhchuspóirí seo a leanas ag an gclár um fheabhsú sonraíochta.

- (a) sonraí mórscála a chaighdeánú ar fud na dtrí shraith sonraí mórscála.
- (b) a chinntiú go bhfuil na sonraí comhsheasmhach go loighciúil agus go fisiciúil
- (c) a chinntiú go bhfuil an tsonraíocht úr comhsheasmhach ar fud na n-imeall áit ina mbuaileann gach sraith lena chéile
- (d) a chinntiú go mbaintear nascacht líonra iomlán amach; agus
- (e) go bhfuil na sonraí polagánaithe go hiomlán

Cuireadh tús le Clár Feabhsaithe Sonraí in 2006 agus is é an cuspóir ná a chinntiú go bhfreastalaíonn sonraí an OSi ar riachtanais éilitheacha mhéadaithe mhargadh an GIS agus ár gcustaiméirí le haghaidh sonraí comhlíontacha GIS. Deartha le sonraí mórscála an OSi a threisiú trí phlagáin iomlána a chruthú le haghaidh Bóithre, Foirgneamh, Uisce, Talún agus gnéithe Iarnróid, cinnteoidh an clár seo nascacht laistigh de na sonraí agus deighilt na sonraí ag crosbhealaí loighciúla cosúil le hacomhail bóthair chomh maith. Chuathas thar spriocanna i rith thréimhse an tionscadail seo, agus táthar de réir na sprice lena chur i gcrích in 2009.

Geo-Eolaire

Is bunachar sonraí de sheoltaí náisiúnta é an Geo-Eolaire a chruthaigh agus a chothabhálann an OSi agus an Post go comhpháirteach. Tá an OSi freagrach as gné gheografach gach seolta. Tá níos mó ná 2 mhilliún foirgneamh agus 44, 000 seoladh mórbhealaigh sa bhunachar sonraí anois agus, in 2008 rinneadh os cionn 80,000 iontráil úr san eolaire, lena n-áirítear thart ar 3,500 bealach poist arb an phríomhfhoinsé faisnéise iad maidir le post a seachadadh.

Ar fud 2008 rinneadh bunachar sonraí an Gheo-Eolaire a chothabháil trína chinntiú gur rinneadh bunachair shonraí an OSI agus An Phoist a shioncrónú.

Obair CSO

Nuair a cuireadh an daonáireamh deireanach i gcrích rinneadh roinnt oibre leis na hathruithe sna réimsí áirimh a léiriú. Cuireadh na hathruithe uile a bhí beartaithe do 2008 i gcrích de réir sprice.

Forbairt Táirgí agus Foilseacháin (Mapáil Turasóirí)

Leanann cuid leanúnach agus thábhachtach ó thaobh tráchtála de ghnó an OSI de bheith díorthaithe as na táirgí digiteacha agus páipéir bunaithe ar na 1:10000 bunachair shonraí thopagrafacha mórscála agus náisiúnta. Tá na riachtanais custaiméirí san earnáil seo an-éagsúil agus áirítear orthu: an tSraith Fionnachtana; tSraith na hÉireann; an tSraith Cathrach & Baile; chomh maith le líon de tháirgí eile a táirgeadh le haghaidh earnálacha faoi leith .i. mapaí don Choimisiún um Scrúduithe Stáit agus don Rialtóir Tacsaithe.

Is é táirgeadh eile a bhfuil móréileamh air ná an tSraith Fionnachtana móréilimh ina bhfuil 70 mapa a chlúdaíonn gach contae sa Stát agus le linn 2008 chuireamar

athbhreithniú ar an tsraith i gcrích agus tá táirgeadh feabhsaithe eile le forbairt in 2009, agus beidh an chéad fhoilseachán ar fáil ag deireadh 2009.

Ní raibh na táirgí éagsúla agus corruair aon uaire a tháirgtear le freastal ar shainriachtanais custaiméirí áirithe chomh dealraitheach do mhórán daoine. Mar shampla, táirgeadh mapáil shaincheaptha le haghaidh athbhreithniú an Choimisiúin um Thoghlach ar an Dáil agus Toghlaigh Eorpacha; braitheann “Atlas Bhailte Stairiúla” Acadamh Ríoga na hÉireann (RIA) ag a bhfuil an-mholadh faighte, agus ar foilseachán bliantúil é dá gcuid ar mhapáil an OSi agus ba é Baile Átha Cliath a mbaile fócais in 2008; braitheann scrúduithe tíreolaíochta an Teastais Shóisearaigh agus na hArdeistiméireachta ar shonraí an OSi le haghaidh na 190,000 mapa a theastaíonn agus bhraith railithe idirnáisiúnta Dhún na nGall agus Chill Airne ar mhapáil an OSi, agus na tiománaithe/loingseoirí agus cuairteoirí araon ag na himeachtaí seo ag brath ar chruinneas mapaí dá leithéidí. Is é Railí Chill Airne na Lochanna de chuid “Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann” an príomhimeacht dá ndéanann an OSi urraíocht don eagraíocht fós.

AN RANNÓG UM THEICNEOLAÍOCHT MHAPÁLA

Tá ról rúthábhachtach le himeacht ag teicneolaíocht i ngach céim den chruthú, seachadadh agus den chothabháil a bhaineann le faisnéis gheografach san OSI. Is é an ról a imríonn teicneolaíocht ná a chinntiú gur féidir le custaiméirí na heagraíochta táirgí agus seirbhísí mapála ardchaighdeán a fháil ar bhonn tráthúil agus costéifeachtúil.

Is é dúshlán leanúnach don OSI ná a chinntiú go ndéantar monatóireacht ar fhorbairtí teicneolaíochta ar thaobh mhórsholáthraithe na faisnéise spásúla maidir lena chinntiú go leanann custaiméirí d'fheabhas a fháil i seachadadh seirbhísí. Leanann an t-idirlíon de bheith ina fhoinsé de thábhacht atá ag méadú maidir le hidirghníomhaíocht a dhéanamh le custaiméirí agus i rith 2008 lean an OSI de na deiseanna a sholáthraíonn an tsaoráid leictreonach seo a úsáid.

Ba bhliain rathúil eile a bhí in 2008 don Rannóg um Theicneolaíocht Mhapála agus an fócas ar fheabhas leanúnach próisis agus croí-bhonneagar teicneolaíochta a fhorbairt d'fhonn forbairt agus éifeachtacht táirgí a chumasú amach anseo.

Tá Rannóg um Theicneolaíocht Mhapála an OSi déanta suas de thrí rannán teicneolaíochta:

- Straitéis & Forbairt Sonraí
- Teicneolaíocht Faisnéise
- Teicneolaíocht Úr

Straitéis & Forbairt Sonraí

Le linn 2008 chuir an OSi an chéad chéim den tionscadal maidir le hatheagrú sonraí Prime2 i gcrích le bunachar sonraí um fhaisnéis spásúil den chéad ghlúin eile a tháirgeadh. Cuirfidh an t-atheagrú ar na sonraí mapála digití reatha an OSi isteach sa tsamhail sonraí Prime2 úr ar chumas an OSi a fhaisnéis spásúil a stóráil agus a sholáthar do chustaiméirí ar fhormaid sonraí de chaighdeán tionscail.

Bhain céim 1 le bainistíocht agus rannpháirtíocht i bpróiseas soláthair idirphlé iomaíoch a tháirg roinnt de thairiscintí agus d'fhréamhshamhlacha oiriúnacha den bhunachar sonraí Prime2 úr.

Roghnaíodh tairiscint roghnaithe agus déanfaidh an OSi tástáil chuimsitheach ar a bunachar sonraí fréamhshamhla Prime2 le linn 2009 lena chinntiú ní hambáin go gcloífidh an tsamhail sonraí nuafhorbartha leis na caighdeán uile tionscail agus faisnéise geografaí idirnáisiúnta ach gur féidir le sreabha oibre táirgthe agus soláthair an OSi uile tacú leis chomh maith.

I ndiaidh na tástála rathúla ar bhunachar sonraí fréamhshamhla Prime2 bhí sé beartaithe go dtosódh céim conartha atheagraithe sonraí Prime2 ag deireadh 2009 agus go mbeadh sé críochnaithe faoi thús 2011.

Teicneolaíocht Faisnéise

In 2008 lean Rannóg TF an OSi d'fhorbairt agus d'fheabhas a dhéanamh ar chroíbhonneagar TF an OSi de réir riachtanais custaiméirí inmheánacha agus seachtracha. I measc roinnt de na gníomhaíochtaí sin bhí:

- Soláthar, suiteáil agus coimisiúnú de stóráil úr HP EVA SAN le 38TB breise; agus cur i bhfeidhm Polasaí Stórála úr ar stóráil agus bhainistíocht sonraí ón gceamara digiteach ar eite as a rinneadh coigiltis de €170,000.
- Rinneadh feabhsuithe ar an seomra Freastalaí TF agus san áireamh leis sin rinneadh cáblú ilsnáithíní a shuiteáil agus a choimisiúnú idir dhá sheomra freastalaí an OSI, leathnaíodh an t-aerchóiriú agus suiteáladh Soláthar Cumhachta gan Bhriseadh (UPS).
- Rinneadh teicneolaíocht Criptiúchán Ríomhairí Glúine a phíolótú agus a fhoilsiú go rathúil le linn ráithe 4 de 2008, agus imscaradh í ar an bpearsanra ábhartha uile. Rinneadh polasaí ar ghléasanna na Meán inaistrithe a fhoilsiú agus a fhorfheidhmiú fosta.
- Le linn 2008 rinneadh clár oibre le bogearraí a athnuachan ar shainghnéithe den réiteach ríomh-Thráchtála a bhí ann cheana ag ionchorprú gnéithe breise den Amharcóir Mapaí nuafhorbartha ón ITES. Rinne Rannán TF an OSi dearadh comhéadan úsáideora, tástáil agus deisiú fabhtanna ar an Amharcóir Mapaí úr chomh maith.

Teicneolaíocht Úr

Cinntíonn réimse na dTeicneolaíochtaí Úra de chuid na heagraíochta go gcoinníonn an OSi suas le forbairtí úra teicneolaíochta agus cur chun cinn úr teicneolaíochta ar bith i ndáil le bailiú na faisnéise geografaí atá ina chloch coirnéil ina rath leanúnach maidir le hionchais agus riachtanais a chustaiméirí atá ag méadú agus ag athrú i gcónaí.

Bhí an bhliain 2008 ina bhliain an-dúshlánach do ghníomhaíochtaí eitilte an OSi le dálaí aimsire mí-oiriúnacha ag cur isteach go mór ar dhá aerárthach an OSi i rith thréimhsí an tsamhraidh agus an gheimhridh. Cuireadh iomlán de 3,860 bileog mhapa san aer agus glacadh aeríomhanna le haghaidh nuashonrú mapaí agus tháirgeadh mapaí ortafóta an OSi

Chomh maith le riachtanais táirgthe an OSi le linn 2008, rinne an OSi conarthaí breise eitilte le haghaidh 6 thionscadal aeríomhánna agus 13 thionscadal Lidar.

Le linn 2008 rinneadh líonra GPS an OSi de 14 stáisiún GPS buanthaifeadta a uasghrádú go dtí GNSS-chomhlíontach (Córas Loingseoireacht Satailíte Domhanda) ag cur ar chumas ag OSi agus custaiméirí seachtracha fáil a bheith acu ar ní hamháin faisnéis loingseoireachta GPS Mheiriceá ach ar shonraí GLONASS na Rúise chomh maith. Déanann an nuashonrú GNSS seo in éineacht leis an bhfeabhsú ar 3 stáisiún bhreise do líonra an OSi le linn 2008 córas barrfheabhsaithe um shuirbhéireacht a chur ar fáil do chustaiméirí inmheánacha agus sheachtracha an OSi fosta.

ATHBHREITNIÚ AR DHÍOLACHÁIN AGUS MHARGAÍOCHT

Imríonn an Rannóg Gnó agus Margaíochta ról straitéiseach ina chinntiú go ndéanann an eagraíocht riachtanais faisnéise spásúla custaiméirí a thuiscint agus a sheachadadh. Le linn 2008 atheagraíodh an Rannóg lena chinntiú go raibh stuchtúir agus córais níos mínmhíniúithe d'fhonn freastal ar luach méadaithe do chustaiméirí. Ba é príomhthoradh den atheagrú seo ná gur forbraíodh caidreamh níos lán-chomhtháite idir an Rannóg Gnó agus Margaíochta agus an Rannóg Táirgthe Mapála agus an Rannóg um Theicneolaíocht Mhapaála i ndáil leis an dóigh a ndéantar riachtanais sonraí custaiméirí a shainaithint agus a sheachadadh ina dhiaidh sin.

Tá an Rannóg Gnó agus Margaíochta freagrach as táirgí agus seirbhísí an OSi as díol, margaíocht agus soláthar tháirgí agus sheirbhísí an OSi chuig raon éagsúil custaiméirí na heagraíochta. Tá gá a chinntiú go gcomhlíonann na táirgí agus na seirbhísí sin riachtanais agus ionchais araon na gcustaiméirí sin agus ag an am céanna fíorluach ar a gcuid airgid a sholáthar dóibh. Tá an riachtanas maidir le hioncam a ghiniúint don eagraíocht ar mhaith leis an riachtanas a shonraítear san Acht um Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann go gcaithfidh an eagraíocht a gnó a dhéanamh i gcónaí ar mhodh costéifeachtúil agus éifeachtach ina phríomhspreagthach don réimse seo chomh maith.

Tá an eagraíocht i líon leathan de dheighleoga gnó éagsúla an gheilleagair anois agus le linn 2008 rinneadh líon de thionscnaimh thábhachtacha i ndáil le deiseanna tráchtála leis an earnáil phríobháideach a chur ar aghaidh tuilleadh. Tá an fhorbairt de shamhail tuilte d'Éirinn a úsáidtear laistigh den tionscal árachais ina shampla den chineál seo de ról gnó méadaithe don OSI. Mar an gcéanna tá teicneolaíocht léasair de chaighdeán tionscail ar a dtugtar LIDAR ag an eagraíocht a chumasáíonn faisnéis d'ard an-chruinn a ghlacadh. Tá na sonraí sainiúla seo an-tábhachtach do líon de ghnóthaí atá i mbeal forbartha in earnálacha cosúil le forbairt feirmeacha gaoithe agus sa réimse um fhorbairt teicneolaíocht leathanbhanda.

◆ **Ioncam ar Dhíolacháin**

In 2008, rinneadh buaicdhíolacháin ach níor tharla sé seo gan a dhúshláin. Tharla moilliú suntasach san earnáil le linn 2008. Bhí iarmhairt an choir chun donais seo le feiceáil láithreach sna torthaí ioncain ísle maidir inár nGníomhairí Díolacháin Mhapaí agus inár Siopa Díolacháin Mhapaí. Sa chuid dheireanach de 2008 tharla laghdú i ngach earnáil den mhargadh sa gheilleagar a bhí ag moilliú. Mar sin féin chuitigh an fhorbairt de mhargaí agus de tháirgí úra agus an cinntiú de shainchonarthaí úra le linn 2008 le laghdú ar bith sa ghnó.

◆ **An príomhról arna imirt ag an OSi agus ag an Tionscal um Fhaisnéis Gheografach (GI)**

Tharla teacht chun cinn orgánach i nDearadh Ríomhchuidithe (CAD) an tionscail GI go Córais Faisnéise Geografaí (GIS) shofaisticiúla. Ag teacht chun cinn as na forbairtí tá athrú tábhachtach tagtha ar an timpeallacht gnó oibriúcháin le haghaidh gnóthaí

faisnéise spásúla cosúil leis an OSI. Áirítear an méid seo a leanas ar na deiseanna agus na héilimh a tháinig as an bhforbairt tionscail seo don OSI:

- Éagsúlacht inár bpunann de tháirgí spásúla
- Caighdeán an tseachadta táirgí agus seirbhísí
- Tacú leis an mbonneagar
- Muinín inár saineolas
- Comhpháirtíocht le custaiméirí maidir lena riachtanais ghnó a phlé

Lean an OSI d'fhreastal ar na dúshlán seo le linn 2008 agus cinnteoidh tionscnaimh atá ar siúl fós go bhfuil sé ar ár gcumas go maith an caighdeán de sheirbhísí a theastóidh ó thionscal GI na hÉireann amach anseo a chur ar fáil dó.

Tá mórán dár bhforbartha leanúnaí spreagtha ag ár n-aitheantas ar an riachtanas bonn láidir agus inmharthana a fhorbairt do Bhonneagar Sonraí Spásúla na hÉireann (ISDI), comhsheasmhach leis na héilimh custaiméirí sin atá ag méadú. Bhí forbairtí suntasacha in 2008 i dtacú na gcuspóirí seo mar chríoch ar Chéim 2 den Tionscadal um Limistéir Bheaga, ar dul chun cinn leanúnach ar chur i bhfeidhm thionscadal sonraí Prime 2 agus ar chruthú bunachar sonraí úr um Airde Náisiúnta. Tá bunachar sonraí Prime 2 á dhearadh le bheith comhsheasmhach leis an gcleachtas náisiúnta is fearr agus soláthróidh sé cumas don OSI le tuilleadh feabhsaithe a chur ar cháilíocht sonraí, an phunann leathan táirgí atá ann cheana a threisiú agus éifeachtacht úr i seachadadh táirgí agus seirbhísí a thabhairt isteach. Bunaithe ar fhealsúnacht an SDI 'glac uair amháin úsáid a lán', tabharfaidh sé tacaíocht iomlán do thiomantais an OSI don ISDI. Gheobhaidh custaiméirí luach suntasach níos fearr ar airgead nuair a bheidh bunachar sonraí Prime 2 ar fáil in 2011.

Tá an acmhainneacht ag ár ngasaitéar náisiúnta a forbraíodh i rith 2008 bunachar sonraí logainmneacha atá comhsheasmhach go náisiúnta, agus is féidir é a úsáid ar fud raon d'earnálacha gnó, a chur ar fáil do thionscal spásúlachta na hÉireann. Rinneadh an tacar sonraí seo a bhailíochtú i gcoinne gach reachtaíochta i réim agus leanfar dá fhorbairt de réir éilimh mhargaidh. De bharr ár spreagthaigh sheasta i dtreo feabhas a chur ar cháilíocht sonraí ceapadh Straitéis Bainistíocht um Cháilíocht Sonraí bunaithe ar chaighdeáin spásúla an ISO. Tagann dearadh an DQMS seo i ndiaidh teagmháil chuimsitheach a dhéanamh le príomhchustaiméirí agus leagfaidh sé síos an bonn le haghaidh caighdeáin cáilíocht sonraí fheabhsaithe amach anseo.

◆ **Freagairt eagrúcháin chomhtháite do Sheirbhís Custaiméirí:**

Lean an fhorbairt d'fheabhas eagrúcháin i seachadadh Seirbhís Custaiméirí de bheith ina phríomhthéama i rith 2008. Tá boinn láidre á bhforbairt ag an OSI i ndearadh agus seachadadh cláir cúram custaiméirí agus is féidir é seo a fheiceáil in 2008 trí Chóras Bainistíochta um Chaidreamh le Custaiméirí (CRM) a thabhairt isteach. Tá an Córas CRM comhtháite go hiomlán ar fud na rann uile agus chuidigh sé go bunúsach leis an eagraíocht bogadh ar shiúl ón siondróm 'sadhlais' inmheánach a d'fhéadfadh bac a chur ar an tseirbhís do chustaiméirí. Is é bunús an Chórais CMR ná go gcinntíonn sé go bhfuil na córais, struchtúir agus próisis eagrúcháin idircheangailte

d'fhonn an modh a ndéantar an tseirbhís do chustaiméirí ní hamháin a sheachadadh, ach monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh orthu, a éascú agus a fheabhsú.

Oibríonn an Rannóg Díolachán agus Margaíochta i ndlúth-chomhoibriú le gach eile réimse de chuid na heagraíochta ar fhorbairt táirgí agus seirbhísí úra. Tá sé ríthábhachtach a chinntiú go bhfuiltear ar an eolas go hiomlán faoi riachtanais custaiméirí ar fud réimsí táirgthe agus tacaíochta na heagraíochta d'fhonn na leibhéil seirbhíse agus feabhais do chustaiméirí a choinneáil. Le linn 2008 lean an OSI d'fhorbairt a dhéanamh ar a chórais inmheánacha cumarsáide lena chinntiú go dtéann próiseas réidh faisnéise a bhaineann le custaiméirí trí gach rannán gnó criticiúil de chuid na heagraíochta. Déanann tabhairt isteach an Chórais CRM an próiseas riachtanach seo a chomhdhlúthú.

Leanann an fhorbairt de bhonn custaiméirí níos leithne i ndeighleoga éagsúla margaidh de bheith ina phríomhchuspóir straitéiseach den eagraíocht agus táthar á bhaint amach tríd an bpolasaí gnó de leas a bhaint as an gcumas teicniúil riachtanais ghnó ár gcustaiméirí a sheachadadh.

Tá sé tábhachtach dúinne go bhfuil raon de sheirbhísí agus de tháirgí á chur ar fáil dár gcustaiméirí ag an bpraghas ceart, ar leibhéil de chaighdeán an-arda, agus ar bhonn tráthúil. Tá sé tábhachtach go n-éistimid lenár gcustaiméirí lena chur ar ár gcumas freagairt thapa a thabhairt ar a riachtanais agus oibriú leo i réitigh a sholáthar dá gceisteanna gnó agus riachtanais ghnó, an dóigh a bhfuil siad anois agus de réir mar a fhorbróidh/leathnóidh siad amach anseo. Tá sé tábhachtach fosta don OSi go méadóidh sé ionchais na gcustaiméirí féin, ag déanamh breac-chuntais de na cumais iomlána nach scrúdaítear go minic maidir leis na sonraí ar mhórán faisnéise ar féidir leis an OSi a chur ar fáil dóibh. Go suimiúil, is é an “tacaíocht” seo seachas na sonraí atá ag éirí níos tábhachtaí do chustaiméirí agus b'fhéidir gurb é seo rud a mheas an OSi faoi bhun a luacha thar na blianta, ag a raibh mar atá amhlaidh, leibhéal thar cuimse de shaineolas atá ar fáil do gach custaiméir.

In 2008 rinneadh saintionscnamh atheagraithe le leanúint de sheirbhís custaiméirí a fhorbairt agus a fheabhsú trí fhoireann thiomanta a chruthú chun na críche seo. Is é an fócas agus na freagrachtaí a bheidh ag an bhfoireann ná an tseirbhís custaiméirí a chomhordú tríd an méid seo a leanas:

- Tacaíocht do chustaiméirí a thairiscint ar gach ceist a bhaineann le seirbhís ag teacht trí phríomhlasc agus sheirbhísí gréasáin an OSI
- Monatóireacht a dhéanamh ar leibhéil agus agaí freagartha na nglonna d'fhonn feabhas leanúnach a dhéanamh ar ár leibhéil tacaíochta
- Córas CRM an OSI maidir le ceisteanna custaiméirí a fheidhmiú agus a fheabhsú

Ag cur san áireamh an t-éileamh méadaithe agus leanúnach le haghaidh táirgí agus seirbhísí níos sofaisticiúla sa mhargadh faisnéise spásúla go ginearálta, tá sé ríthábhachtach go gcoinníonn an OSi a staid mar cheannaire margaidh sa réimse seo trí bhéim leanúnach a chur ar úsáid na bhforbairtí teicneolaíochta lena raon táirgí agus seirbhísí a mhéadú le freastal ar riachtanais custaiméirí. Beidh idirphlé leanúnach le

custaiméirí agus béim leanúnach ar raon cuí de tháirgí agus sheirbhísí a fhorbairt ríthábhachtach, mar a léirítear, le staid margadh ceannaireachta an OSi a choinneáil.

Cinnteoídh an cur i gcrích in 2004 den tasc ollmhór a bhain le mapáil dhigiteach den tír iomlán go mór go mairfidh an OSi ábhartha do riachtanais a chustaiméirí. Sholáthair sé seo croí-mhapáil thar a bheith mionsonraithe agus cruinn don eagraíocht ar bhealach láidir agus an-solúbtha a éascóidh forbairt raon leathan de sheirbhísí faisnéise amach anseo. Go fíorthábhachtach, éascóidh sé teacht chun cinn agus forbairt a lán feidhmchlár a bheidh go hiomlán úr i ndomhan ina n-athraíonn teicneolaíocht beagnach gach lá. Dá bhrí sin leanfaidh raon éagsúil méadaitheach an OSi de sheirbhísí mapála cáilíochta agus faisnéise geografáí de thaca a chur faoi na gníomhaíochtaí tráchtála, eacnamaíocha agus sóisialta leanúnacha agus amach anseo ar fud an Stáit.

Léiríonn na samplaí thíos an dóigh a dtairgeann raon táirgí agus seirbhísí digiteacha an OSi buntáistí agus deiseanna dá bhonn custaiméirí an-éagsúil ag feidhmiú thar raon de dheighleoga margaidh. Faoi mar a léirítear, déantar an raon seo a athbhreithniú agus a nuashonrú go leanúnach.

Táirgí

Seirbhísí Tuairiscithe ar an gComhshaoil

Tá obair chuimsitheach i bhforbairt an táirge seo déanta ag an OSi cheana i bpáirtíocht le Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann agus leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Úsáideann an tairge cineálacha éagsúla de bhunachair shonraí le raon mionsonraithe d'fhaisnéis faoi láithreán ar bith agus a chomharsanacht a thabhairt, ó úsáidí stairiúla go dtí cobhsaíocht gheolaíoch agus stair uisce. Tá sé fóna ag comhairleoirí pleanála agus comhshaoil go háirithe agus ag ceannaitheoirí agus díoltóirí tithe agus maoinne chomh maith.

Lainseáladh an táirge ar bhonn píolótach le hinghlacacht an mhargaidh a thástáil. Tá an t-aiseolas ó comhairleoirí comhshaoil an-dearfach. Tá obair á déanamh faoi láthair ar bhunachair shonraí faisnéise bhreise a chur leis le tuilleadh feabhais a chur ar an táirge a chinnteodh a rath ina spriocmhargadh.

Oideachas

Le mórán blianta tá mapaí páipéir an OSi á n-úsáid i scoileanna i ndáil le tíreolaíocht a theagasc. Is croí-pháirt iad de theagasc an ábhair seo i scrúduithe stáit suas go dtí, agus lena n-áirítear leibhéal na hardteistiméireachta.

Le teacht ré na ríomhairí, tá a lán deiseanna úra agus corraitheacha oscailte ag úsáid na mapaí leictreonacha agus an idirlín sa réimse seo. Dá réir sin lainseáladh tionscnamh leis an Roinn Oideachais agus le Lónra Tacaíochta na Múinteoirí Tíreolaíochta leis an teicneolaíocht úr a fháil ar bhealaí úra agus cruthaitheacha. Go bunúsach, ba í an aidhm ná cúnamh a thabhairt do na múinteoirí scileanna léitheoireachta mapaí a theagasc ar bhealach spráúil agus nuálaíoch agus dul ar aghaidh ón méid sin go dtí tuiscint agus úsáid na gCóras Faisnéise Geografáí (GIS) sa seomra ranga.

Maidir leis seo, d'fhorbairt an OSi leagan dá tháirge DVD atá dírithe ar an réimse oideachais agus deartha leis na cuspóirí a léiríodh a bhaint amach. Tá éirithe go han-mhaith leis an táirge seo agus tá an Roinn Oideachais ag forbairt láithreán gréasáin úr anois le seirbhísí mapála ar líne a bheidh ar fáil i ngach scoil in Éirinn le húsáid sa seomra ranga a chumasú. D'oibrigh an OSi go dlúth leis an Roinn leis an láithreán seo a fhorbairt.

Líonra Gníomhairí

Imríonn líonra gníomhairí ar fud na tíre an OSi ról tábhachtach maidir le seirbhís áitiúil a chur ar fáil do chustaiméirí an OSi agus maidir le táirgí OSi a dhíol, go príomha na Mapaí PLACE (Pleanáil, Dlí, Talmhaíocht, Tógáil agus Innealtóireacht) arb é an earnáil ghairmiúil a phríomhghrúpa custaiméirí. Tá an earnáil seo ag cur tús anois leis an bpacáiste pleanáil formáide digití úir a tugadh isteach le deanaí agus tá a fhios aici cad í acmhainneacht an táirge dhigitigh seo agus tá sí ag tosú lena réadú. Le linn 2008 bhíodhas ag déanamh iarrachtaí leanúnacha le húsáideoirí mapaí páipéir traidisiúnta a thiontú go táirgí mapaí digiteacha.

Seirbhísí

◆ *r-Sheirbhísí Rialtais*

Is príomhchuid thábhachtach é seo de pholasaí reatha an Rialtais agus tá staid lárnach aige i straitéis an OSi.

Braitheann polasaí agus pleanáil éifeachtach ar an gcumas anailís a dhéanamh ar shraitheanna díchosúla d'fhaisnéis. Dá réir sin, tá bunachair shonraí chomhtháite le comhthéacs suímh ríthábhachtach i ndáil le hanailís sonraí níos gaiste a chur ar fáil agus, ar deireadh, gearrtar an costas agus méadaítear an éifeachtacht. Léiríonn na samplaí seo a leanas éifeachtúlacht úsáid bunachair sonraí dá leithéidí.

- tá córais mhonatóireachta agus rialaithe riaracháin na Roinne Talmhaíochta maidir le híocaíochtaí CAP agus REP bunaithe ar theicneolaíocht GIS agus ar tháirgí mapála an OSi. Chuireann úsáid an córais seo agus táirgí bainteacha ar chumas na hÉireann riachtanais iniúchta AE maidir leis na scéimeanna seo a chomhlíonadh.
- braitheann an clár um nuachóiriú atá á dhéanamh ag an Údarás Clárúcháin Maoine (Clárlann na Talún roimhe seo) ar mhapáil dhigiteach an OSi. Go sonrach, déanfaidh an teicneolaíocht seo méadú suntasach ar chumas an PRA tuilleadh leathnaithe a dhéanamh ar chláru teideal in Éirinn agus imreoidh sé páirt lárnach i dtionscadal tíolactha leictreonaigh reatha an PRA a chur i bhfeidhm go rathúil. Go deimhin, chuir straitéis ríomhsheirbhíse an PRA an tseirbhís do chustaiméirí ag lár a shamhla seachadta trí rochtain áisiúil a chur ar fáil ar a bhonn ríomhthairfead d'fhóilíonna agus phleananna comhdaithe agus d'fhaisnéis bhainteach trí chuardach ar líne ag úsáid táirgí mapála digití an OSi.
- soláthraíonn láithreán gréasáin Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann a bunaíodh le deanaí, www.OSiSmartmaps.ie rogha do chustaiméirí maidir le Mapaí atá comhlíontach le Clárlann na Talún, Mapaí Gaoithe agus Mapaí Ortafótagrafaíochta

a cheannach agus a íoslódáil i bhformáid PDF. Tugann sé deis fosta do chustaiméirí Tuarascálacha Comhshaoil a ordú ar líne agus déantar iad a sheoladh trí ríomhphost nó tríd an bpost chuig an gcustaiméir laistigh de dhá lá oibre.

◆ *Seirbhísí Éigeandála*

Imríonn sonraí an OSi ról an-tábhachtach maidir le hobair na seirbhísí éigeandála, na nGardaí agus gairmithe sláinte a éascú. Ó mhapáil leibhéal sráide an-sonraithe go dtí forbhreathnú cruinn ar réigiún, soláthraíonn ár sonraí faisnéise digití faisnéis súimh ríthábhachtach i roinnt príomhlimistéar. Déanann na huirlisí mapála digití atá ar fáil do phearsanra ceannais agus rialaithe suíomhanna beachta teagmhas a aimsiú, agus dá bhrí sin freagairt láithreach a chumasú a chuideodh le coir thromchúiseach a sheachaint agus le saolta a shábháil ar deireadh. Leis an bhfaisnéis a sholáthraíonn mapáil dhigiteach an OSi, is féidir an bealach is gaiste agus is fearr (ní gá gur an bealach is gairide é) a shainaithint go tapa, ag cur ceantair brú tráchta san áireamh.

Ag leibhéal foriomlán, is féidir le sonraí geografacha comhtháite faisnéis thábhachtach ar phatrúin choireachta, tarlaithe dóiteáin agus teagmhas eile le haghaidh tuairiscithe agus anailís thréimhsiúil a chur ar fáil, ag cuidiú leo, tríd sin, dul i gcion ar phleanáil acmhainní agus ar thuar teagmhas.

◆ *Fóntais - Gás, Leictreachas agus Teileachumarsáid*

Imríonn faisnéis gheografach príomhról i mbainistíocht sócmhainní (an gá le bonneagar fisiciúil a sholáthar agus monatóireacht a dhéanamh air agus athruithe agus athsholáthairtí riachtanacha a chur i bhfeidhm) agus i ngníomhaíochtaí oibriúcháin (an gá le foirne athchóirithe agus cothabhála a bhainistiú agus na hacmhainní daonchumhachta atá ar fáil a úsáid) cuideachtaí fóntas. Cuireann úsáid sonraí geografacha an OSi ar chumas cuideachtaí dá leithéidí éifeachtacht oibriúcháin a mhéadú, agus freagairt a thabhairt ar éigeandálaí ar mhodh tapa agus éifeachtúil, agus seirbhís éifeachtach agus chostéifeachtúil a chur ar fáil do chustaiméirí.

ACMHAINNÍ DAONNA

Imríonn an réimse HR ról tábhachtach i réadú straitéisí gnó an OSi trí dhlúthoibriú leis an mbainistíocht líne i ngach rannóg le forbairt agus cur i bhfeidhm beartas agus tionscnamh cuí dírithe ar lucht oibre oilte, solúbtha agus ardspreagtha a bheidh ábalta freagairt a thabhairt ar na héilimh atá os comhair na heagraíochta a fháil. Sa chomhthéacs seo tugann an Rannóg HR comhairle do bhainisteoirí líne ar athrú a chur i bhfeidhm ar an dóigh a ndéantar gnó an OSi a bhainistiú agus a sheachadadh ag féachaint d'fheabhas leanúnach a chur ar éifeachtach agus costéifeachtúlacht na n-oibríochtaí agus úsáid acmhainní ar fud na heagraíochta.

Meastar an bhainistíocht rathúil ar athrú mar thábhacht bhunúsach do bhaint amach iomlán spriocanna agus chuspóirí straitéiseacha na heagraíochta. Ar fud stair amra an OSi léirigh an eagraíocht inoiriúnaitheacht maidir le freastal ar thonnta de réir a chéile de nuálaíocht agus athrú teicneolaíochta trí intinn oscailte ar thaobh a Daoine de d'idéanna úra agus do bhealaí úra le torthaí a fháil. D'fhonn leanúint d'fhorbairt ar chroí-inniúlacht na heagraíochta seo d'athrú a bhainistiú cuireadh tionscnamh i gcrích in 2008 a bhain le Grúpa Bainistíochta chun na críche seo a leanas:

- Cúnamh a thabhairt don Ghrúpa Bainistíocht lena láidreachtaí reatha in athrú a bhainistiú
- Scileanna agus eolas gach bainisteora in athrú a bhainistiú a fhorbairt
- Mothú coláisteach láidir aidhme a chur i measc an Ghrúpa Bainistíochta maidir lena comhbhrí rannpháirtíochta in athrú a bhainistiú
- Deis a chur ar fáil leis an gcleachtas is fearr a fhorbairt agus Grúpa Bainistíochta a éascú le foghlaim óna chéile

Bhí an tionscnamh an-inchiallaithe agus chuir sé deiseanna ar fáil don Ghrúpa Bainistíochta le haghaidh raon de thionscadal foghlama gníomhaíochta a leanfaidh dá chinntiú go ndéanfar an bhainistíocht ar athrú seo a chomhtháthú isteach i bpróiseas bainistíochta leanúnach an OSi.

Is gné thábhachtach í na struchtúir chuí a bheith i bhfeidhm le maoirseacht a dhéanamh ar athrú a chur i bhfeidhm lena chinntiú gur féidir tuairimí agus idéanna gach leasa eagrúcháin a chur san áireamh go háirithe nuair a bhíonn tionscnaimh um athrú mórsála á mbreathnú. Léiríodh go bhfuil rannpháirtíocht an Choiste Comhpháirtíochta san OSI ina ghné an-tábhachtach lena chinntiú go bhfuiltear ag déanamh athrú a bhainistiú ar mhodh íogair agus straitéiseach. Chuir rannpháirtíocht an Choiste Comhpháirtíochta le linn 2008 i gCóras Faisnéis Bhainistíochta méid suntasach le rath foriomlán chur i bhfeidhm an Chórais sin.

Le linn 2008 lean bainistíocht chorparáideach fhoriomlán na nDaoine san OSI de bheith trí na príonsabail agus na cuspóirí a chuimsítear sa dhoiciméad straitéiseach “Daoine a Bhainistiú go Straitéiseach”. Díríonn an doiciméad seo ar dhá cheist rithábhachtacha – cur go gníomhach le torthaí gnó agus corparáideacha rathúla a chomhlíonann ionchais custaiméirí a bhaint amach agus tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt dhaoine an OSi d'fhonn na torthaí a réadú. Is é cuspóir lárnach den

straitéis ná cúnamh a thabhairt d'fhoireann an OSI lena bhfeidhmíocht agus a n-acmhainneacht phearsanta a uasmhéadú i dtimpeallacht oibriúcháin dhúshlánach atá ag athrú go gasta.

Tá an bhainistíocht ar fheidhmíocht mar chuid thábhachtach do bhainistíocht fhoriomlán na nDaoine san OSI. Faoi na forálacha a leagtar síos sa Chóras Bainistíochta & Forbartha Feidhmíochta (PMDS) ní mór don fhoireann bainistíochta agus maoirseachta a chinntiú go gcuirtear a nDaoine ar an eolas faoina bhfuiltear ag súil uatha chomh maith le haiseolas a chur ar fáil ar an dóigh a bhfuil an fheidhmíocht oibre sin ag dul ar aghaidh. Cuireann an PMDS le feabhas leanúnach ar fheidhmíocht trí chloí leis na horduithe seo a leanas:

- Feidhmíocht aonair agus foirne a ailíniú le spriocanna an OSI
- Soiléireacht a chur ar fáil i gcuspóirí a leagan amach agus spriocanna feidhmíochta bainteacha le haghaidh daoine aonair agus foirne
- Meicníocht a chur ar fáil le haghaidh monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn

Le linn 2008 leanadh den PMDS a chur i bhfeidhm ar fud na heagraíochta le rátaí arda comhsheasmhacha de chomhlánuithe agus thuairisceáin. Tá an PMDS nasctha le córas dul chun cinn inmheánach an OSI agus is é an bonn le haghaidh dul chun cinn breisiúch tuarastal.

Tá forbairt agus cur i bhfeidhm leanúnach den PMDS comhsheasmhach leis an tarmligeán níos mó d'fhreagracht bhainistíochta Daoine do na bainisteoirí líne. I rith 2008 leanadh den phrionsabal seo a chur ar aghaidh ag dearbhú go soiléir gur faoin fhoireann agus faoina bainisteoirí atá an fhreagracht as feidhmíocht a bhainistiú go príomha. Tagann oiliúint baill foirne aonair agus pleananna forbartha ón PMDS agus tá siad bunaithe ar na riachtanais scileanna na heagraíochta. Caitheadh iomlán de 1.7% de chostais phárolla in 2008 ar oiliúint agus forbairt sheachtrach don fhoireann ag gach leibhéal san eagraíocht. Ba ionann é seo agus méadú de 20% ar chaiteachas na bliana anuraidh. Ina theannta sin, réachtálann an OSI méid suntasach d'oiliúint agus fhorbairt inmheánach ar raon de chórais agus chlár a bhaineann le hobair theicniúil. Tugann sé seo, in éineacht leis an gcaiteachas oiliúna agus forbartha, an OSI go dtí laistigh de thrí agus de cheithre faoin gcéad den tiomantas airgeadas párolla iomlán sa réimse tábhachtach seo d'fhorbairt acmhainní.

Ba í príomhfhorbairt in 2008 ná an ghné acmhainní daonna den Chóras Faisnéis Bhainistíochta a chur i bhfeidhm. Forbraíodh an córas seo go rathúil thar thréimhse ama agus rinneadh é a rolladh amach ar bhainisteoirí líne le linn 2008. Baineann tábhacht agus ábharthacht shainiúil leis an gCóras Faisnéis Bhainistíochta seo do threoshuíomh úr na Feidhme Acmhainní Daonna san OSI. I rith 2008 chumasaigh an córas raon de cheisteanna cuí agus áitiúla ar bhainistíocht acmhainní daonna a chineadh do bhainisteoirí líne. Áireofar ar na tairbhí a bhaineann leis an gCóras Faisnéis Bhainistíochta an méid seo a leanas:

- Feabhas ar fhaisnéis bhainistíochta agus tuairisciú ar raon de cheisteanna acmhainní daonna

- Feabhas ar phróisis lena n-áirítear déanamh ar shiúl le roinnt de phróisis atá as dáta
- Níos mó éifeachtachta i riarachán agus seirbhísí feabhsaithe don fhoireann
- Córas comhtháite d'acmhainní daonna, riarachán agus oiliúint/forbairt

SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

Tá freagracht ag Rannóg na Seirbhísí Corparáideacha as:

- a chinntiú go gcloítear le hoibleagáidí na heagraíochta faoi chóid chleachtais an rialachais chorparáidigh agus reachtaíocht bhainteach
- tacaíocht Rúnaíochta agus riaracháin a sholáthar don Bhord
- an próiseas um Bainistíocht Riosca a chomhordú ar fud na heagraíochta
- na cleachtais agus nósanna imeachta Sláinte agus Sábháilteachta a fhorbairt agus a bhainistiú don eagraíochta.
- an líonra bonneagair ar fud chóiríocht láraithe agus réigiúnach an OSi a bhainistiú
- an Plean Gnó Seirbhísí Corparáideacha bliantúil a sheachadadh

Rialachas Corparáideach

Cuimsíonn ról an Rialachais Chorparáidigh san OSI maoirseacht agus cur i bhfeidhm na gcód cleachtais reachtúil agus neamhreachtúil a bhfuil d'oibleagáid ar eagraíocht cloí leo i gcomhlíonadh a freagraíochtaí mar ghníomhaireacht stáit.

Le linn 2008 rinne Rannóg na Seirbhísí Corparáideacha roinnt d'athbhreithnithe córasacha lena chinntiú go rabhtas ag cloí le Cód Cleachtais na Ranna Airgeadais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit lena n-áirítear Comhaltaí Boird agus Baill Foirne. Lena chois sin chinntigh Rannóg na Seirbhísí Corparáideacha gur cuireadh forálacha an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001 faoi mar atá feidhm acu maidir le Comhaltaí Boird, oifigigh shinsearacha agus poist ainmnithe ar bith san eagraíocht i bhfeidhm go haonfhoirmeach agus gur cloíodh go hiomlán leo.

Bord an OSi agus a fhochoistí:

- *Bord an OSi:*

Tá 10 gcomhalta ar Bhord Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann arna gceapadh ag an Aire Airgeadais faoi fhorálacha an Achta um Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann 2001. Le linn 2008, bhuaíl an Bord le chéile 9 n-uaire agus ar lá eile le straitéis chorparáideach na heagraíochta a phlé agus a athbhreithniú go sainiúil.

- *An Coiste Iniúchta:*

Cuimsíonn Coiste Iniúchta an Bhoird na Comhaltaí Boird, an tUasal Liam Egan agus an tUasal Pat W. Fenton agus tá sé faoi chathaoirleacht an Uasail Liam Eagan. Bhuaíl an Coiste le chéile go rialta i rith 2008 agus déantar miontuairiscí chruinnithe uile an Choiste Iniúchta a scaipeadh ar chomhaltaí uile an Bhoird agus ar an POF agus

cuireann Cathaoirleach an Choiste Iniúchta nuashonruithe faoi na ceisteanna ag na Cruinnithe Boird ar fad ar fáil. Tá rochtain agus an gCoiste Iniúchta ar saineolas seachtrach ar bith a theastaíonn le comhlíonadh éifeachtúil a fhreagrachtaí a éascú. Tuairiscíonn an tIniúcháir Inmheánach go díreach don Choiste Iniúchta más gá.

- An Coiste um Chaiteachas Caipitiúil:

Bunaithe le luacháil a dhéanamh ar thionscadail chaipitil mholta ina mbeidh an caiteachas nó ina bhfuil an chosúlacht ann go mbeidh an caiteachas níos mó ná €250,000, ní raibh feidhm ar an gcoiste teacht le chéile i rith 2008. Chuimsigh an bhallraíocht an tUasal Kevin Bonner mar chathaoirleach, Liam Egan, Anthony Murray, Liam O'Farrell agus Rory Scanlan.

Táillí Comhaltaí Boird:

Tá an táille bhliantúil atá iníoctha le Comhaltaí an Bhoird do 2008 de réir an ráta a d'fhaomh an Aire Airgeadais agus is seo mar a leanas é:

Cathaoirleach: €14,000.00

Comhaltaí Boird (9): €9,000.00 a dhuine

Luach Saothair an Phríomhfheidhmeannaigh:

Faigheann an Príomhfheidhmeannach, an Iníon Geraldine Ruane, a luach saothair faoi shocrúithe a bhaineann le Comhlachtaí tráchtála Stát-urraithe (HAY) an POF. In 2008 fuair an Iníon Ruane an méid seo a leanas:

~ Rátaí buntuarastail

1 Eanáir 2008 => €152,765.40 sa bhliain

1 Márta 2008 => €160,499.06 sa bhliain (de bharr méadaithe 2.5%)

1 Meán Fómhair 2008 => €164,511.17 sa bhliain (de bharr mhéadaithe 2.5%)

~ Bónas:

€32,116.42 a íocadh ar 6 Márta 2008 maidir le feidhmíocht in 2007.

Bainistíocht Riosca:

- An próiseas maidir Bainistíocht Riosca:

Tá Clár Bainistíochta Riosca dea-fhorbartha ag an OSI a thaifeadann agus a léiríonn an raon de bhearta leanúnacha nó aon uaire a bhfuil gá leo, leis an raon éagsúil de na rioscaí a shaináithnítear a mhaolú. Tá freagracht ag bainisteoirí sinsearachas as monatóireacht agus bainistíocht a dhéanamh ar a rioscaí féin agus éilítear orthu tuarascálacha dul chun cinn a chur ar fáil ar bhonn rialta le bearta maolaithe beartaithe agus riosca breise a thuairisciú de réir mar a thagann siad chun cinn.

Déanann Coiste Iniúchta an Bhoird agus an tIniúcháir Inmheánach a thuairiscíonn go díreach leis an gCoiste Iniúchta an Clár Riosca a ghlacadh agus a mhaoirsiú de réir gnáthaimh. Tugtar comhairle don Bhord faoi na príomhrioscaí a bhíonn ann ag deireadh gach ráithe nó níos minice nuair a thagann Riosca tromchúiseach chun cinn nó nuair a bhíonn sé ar tí tarlú.

- *Beartha Maolaithe Mór-Rioscaí in 2008:*

I lár 2008 cuireadh mórthionscadal leictreach i bhfeidhm ag ionad ceanncheathrún an OSi a bhain leis an bpríomhsheomra innealra leictreach a athsholáthar agus a athlonnú. Thug an Oifig na nOibreacha Poiblí tacaíocht don tionscadal an-chasta seo, agus mar thoradh ar a chur i gcrích rathúil baineadh ar shiúl riosca suntasach de bhristeach cumhachta, a tharla de bharr iarmhairt na tuile san íoslach ina raibh trealamh an chéad seomra innealra nó de bharr gur theip ar an gcóras go díreach mar gheall ar an seomra leictreach a bheith ag éirí sean

Chuir an cinneadh soláthar a dhéanamh do chúltaca iomlán gineadóra mar chuid den tionscadal seo chomh maith le castacht an tionscadail. Bhí Oifig na nOibreacha Poiblí bainteach le saineolas gairmiúil a bhí ríthábhachtach d'fhonn an tionscadal seo a chur i gcrích go rathúil a sholáthar. Soláthraíonn an bonneagar leictreach a rinneadh as é seo agus atá gaolmhar leis na nósanna imeachta bunaithe atá i bhfeidhm anois, leibhéal de chosaint a chinntíonn leantacht an ghnó sa chás go dtarlódh bristeach sa phríomhleictreachas ag an ionad agus déanann sé ar shiúl go héifeachtach leis an bpríomhríosca sa láthair seo, riosca nach bhféadfaí a choinneáil in eagraíocht ina mbraitheann na custaiméirí agus na fostaithe go hiomlán beagnach ar rochtain a bheith acu ar bunachar sonraí lárnach an OSi.

Sláinte & Sábháilteacht Chorporáideach:

Aithníonn Suirbhéireacht Ordanáis Éireann a freagrachtaí maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair maidir lena fostaithe agus le baill an phobail a bhféadfadh a hoibríochta cur isteach orthu. Is é polasaí na heagraíochta cloí leis na riachtanais ábhartha uile sláinte, sábháilteachta agus leasa mar íoschaighdeán agus cloí le cóid chleachtais agus treoirlínte ábhartha más cuí. Téann an fhreagracht as Sábháilteacht agus Sláinte ag an obair ón leibhéal is airde Bainistíochta trí go dtí oibríochtaí bainisteoirí líne agus na foirne. Níl ceisteanna S&S coimhdeach do ghnó an OSi, ach tá sé mar chuid dá chroílár. Bhuail an Coiste Sláinte agus Sábháilteachta, a chuimsíonn ionadaithe foirne agus bainistíochta le chéile cúpla uair, agus rinne siad athbhreithniú ar dhoiciméid, nósanna imeachta agus chleachtais ag féachaint d'fheasacht sábháilteachta san eagraíocht a chur chun cinn tuilleadh.

Rinneadh an tionscnamh in 2007 maidir le Dífhibrileoirí a thabhairt isteach san eagraíocht lena haonaid arna rolladh amach chuig an gceanncheathrú i mBaile Átha Cliath agus i sé oifig réigiúnacha uile na heagraíochta a fhorbairt tuilleadh anois go dtí an bpointe ina bhfaigheann foireann Gharchabhrach dheonach na heagraíochta a n-oiliúint athnuachana inmheánach gach 90 lá de réir an chleachtais is fearr arna fhógairt ag Foras Croí na hÉireann. Rinneadh costas na hoiliúna seo a íosmhéadú tríd an gcur chuige “cuir oiliúint ar an oiliúnaí” agus cinntiú mar sin gur féidir le Comhairleoir Sláinte & Sábháilteachta na heagraíochta an oiliúint athnuachan riachtanach uile a sheachadadh anois.

Bainistíocht cóiríochta corporáidí;

- *Cothabháil ar chóiríocht:*

Cuireann bainistíocht na cóiríochta ag ionad ceanncheathrún an OSi ag Páirc an Fhionnuisce agus ag na 6 Oifig Réigiúnacha (Corcaigh, Inis, Cill Chainnigh, Longfort, Sligeach agus Tuaim) a dúshláin féin i láthair. Cuimsíonn an t-ionad ceanncheathrún líon d'fhoirgnimh ollásacha ach atá ag éirí sean suite ar os cionn 17 n-

acra. Fiú i ngnáthobair chothabhála go gcaithfear an aird is iomláine agus is féidir a thabhairt do dhroch-impleacht ar bith a d'fhéadfadh tarlú maidir leis na struchtúir chaomhnaithe seo.

Tá ionchur Oifig na nOibreacha Poiblí ríthábhachtach lena chinntiú ní hamháin go ndéantar slánchúis na bhfoirgneamh seo a chosaint ach go gcabhródh timpeallacht na hoibre don fhoireann le riachtanais eagraíochta chomh maith le hard-iontaofacht ar theicneolaíocht agus ar an mbonneagar a thagann leis sin. Tá sé tábhachtach go gcuirtear aitheantas agus tuiscint in iúl in athbhreithniú bliantúil ar bith maidir leis an leibhéal acmhainní agus an saineolas gairmiúil a thugann Oifig na nOibreacha Poiblí don OSi i mbainistíocht a gceisteanna dúshlánacha cóiríochta.

- *OSi agus Freagracht Chorparáideach:*

Chuir Suirbhéireacht Ordanáis Éireann roinnt beart/tionscnamh i bhfeidhm in 2008 agus meastar go bhfuil tionchar dearfach acu ar “Lorg Carbóin” na heagraíochta in úsáid neamhéifeachtach fuinnimh a laghdú.

- **Soilsiú Leictreach:** Tugadh Braiteoirí Gaireachta isteach i líon limistéar in 2007 agus rinneadh an tionscnamh seo a leathnú tuilleadh in 2008. Cinntíonn siad seo go dtéann soilse i limistéar amach, i ndiaidh do thréimhse ama a shocraítear dul thart, mura mbíonn aon duine sa limistéar sin agus ní chuirfear ar siúl arís iad go dtí go mbraitear láithreach éigin sa limistéar ag cinntiú mar sin go gcoinnítear úsáid leictreachais na heagraíochta chomh íseal agus is féidir sna limistéir seo.

- **Éifeachtacht Teicneolaíocht Faisnéise:** In 2007, rinne an OSi tionscadal trínar tugadh úsáid níos comhtháite de chórais FT isteach agus ba é an tionchar a bhí aige seo ná gur laghdaíodh an gá le hilchórais oibriúcháin a reáchtáil ar leithligh trí fhreastalaí aonair a úsáid

- **Freastalaithe TF:** Ó mhí Mheán Fómhair 2007 tá an OSi ag úsáid freastalaithe le húsáid chumhachta níos ísle (suas le 25% ar shamhlacha roimhe sin, a sholáthraíonn méadú i bhfeidhmíocht in aghaidh an vata leictreachais de suas go dtí 169%) agus ag plé riachtanais an OSi i ndáil le costas agus tionchar comhshaoil éilimh chumhachta a aonaid sonraí a laghdú.

In 2008 tá sé tuartha go leanfaidh na tionscnaimh thuas ar aghaidh agus go deimhin go méadóidh siad. Déanfar iarrachtaí le deiseanna ag a mbeidh tionchar dearfach ar Lorg Carbóin na heagraíochta a shainaitint.

An Coiste um Fhuinneamh: Tacaithe ag tionscnamh Oifig na nOibreacha Poiblí, bunaíodh “Coiste um Fhuinneamh” a bhain le hionadaithe foirne agus bainistíochta araon arb é a n-ordú ná an fuinneamh a úsáideann an eagraíocht san iomlán a laghdú.

ATHBHREITHNIÚ AIRGEADAIS

Ioncam Trádála

Ba é an tIoncam Trádála don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008 ná € 22.2m arbh ionann é sin agus méadú de 3% thar 2007. Bhí an toradh seo tacaithe ag dlúthchaidreamh leanúnach lenár mbonn custaiméirí agus rinneadh líon de chonarthaí custaiméirí ilbhliantúla úra le linn na bliana, .i. an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, An Post, Bord Iascaigh Mhara, an Roinn Cumarsáide, Tuaithe & Gaeltachta, an Roinn Cosanta, an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, Eirgrid, eNet, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, Ollscoile na hÉireann, Gaillimh.

Léirigh díolacháin laistigh de Shiopa na Príomhoifige agus den líonra Gníomhairí ar fud na tíre, arbh ionann iad agus 15% de na díolacháin sonrasaithe uile, laghdú de 28% de bharr an choir chun donais eacnamaíoch ghinearálta agus go sonrach, de bharr an mhaolaithe leanúnaí san earnáil tógála in 2008. Tá an Líonra Gníomhairí suite go straitéiseach ar fud na tíre agus freastalaíonn sé ar iolarthacht de chustaiméirí gairmiúla cosúil le hAiltirí, Innealtóirí agus Suirbhéirí. Tacaítear leis an earnáil seo trí roinnt de thionscnaimh straitéiseacha cosúil le hOiliúint ar an láithreán, Feabhas ar Úsáid Táirgí trí thiontú ó mhapaí páipéir go dtí mapaí digiteacha agus leathnú ginearálta den raon táirgí.

Leanann ioncam ceadúnas cóipchirt de bheith coinnithe ag leibhéal maith toisc go n-aithníonn gairmithe agus baill an phobail an luach a bhaineann le cóipeáil údaraithe mapaí laistigh den timpeallacht ghnó.

De réir an tSainordaithe Náisiúnta, agus cé nach bhfuil sé nasctha le sruth ioncaim ar bith, leantar de dhul chun cinn suntasach a dhéanamh lena chinntiú go gcothaítear agus go bhfeabhsaítear mapáil an leasa phoiblí uile ag leibhéal ardchaighdeáin.

Léiríonn an tabhairt isteach in 2008 de Chóras Faisnéis Bhainistíochta saincheaptha, a sholáthraíonn príomhshonraí le cúnamh leis an anailís ar chostais tionscadal ar fud na heagraíochta forbairt thábhachtach sa bhainistíocht ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht ar fud na heagraíochta. Cumasaíonn an MIS trédhearcacht níos mó maidir le haitheantas costas idir obair a dhéanann an eagraíocht i ndáil leis an leas poiblí agus réimse tráchtála an ghnó.

Costais Oibriúcháin

Ba ionann an Costas Táirgthe agus Díolachán agus €18.6m, arbh ionann é sin agus laghdú 1% thar an mbliain roimhe sin. I measc na n-athruithe suntasacha bhí Tuarastail agus Pánna (méadú €0.5m) de bharr dámhachtainí pánna comhpháirtíochta caighdeánaí. Mapáil Foinsithe Lasmuigh (laghdú de €1.1m) de bharr iarchur an chéad leasaithe eile de 5000 mapáil sraithe i ndiaidh drochdhálaí eiltle a theastaigh le

haghaidh sonraí amha a bhailiú, go príomha. I measc athruithe eile bhí costais TF (méadú de €0.4m) toisc gur cuireadh breischothair cothabhála i ngníomh le haghaidh córais táirgthe chriticiúla.

Ba ionann Caiteachas Dáilte agus Riaracháin agus €11.2m, arbh ionann é sin agus 7% thar an mbliain roimhe sin le ranníocaíochtaí ó Thuarastail agus Phánna (méadú de €0.3m) de bharr boilscithe ar thuarastail, íocaíochtaí Pinsin (méadú de €0.5m) de réir pinsinéirí breise le linn 2008 agus ar deireadh Foráil le haghaidh Drochfhiach (méadú de €0.1m) in aitheantas na timpeallachta eacnamaíche deacair laistigh den earnáil seirbhísí tógála.

D'fhoill an caighdeán cuntasáiochta FRS 17 in 2005 a thabhairt isteach (Tuairisciú airgeadais ar shochair scoir) theastaigh luacháil achtúire neamhspleách bhliantúil agus iarchostas le haghaidh seirbhís pinsin agus ús ar dhliteanas scéime a bheith sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais agus ar deireadh léiriúchán den dliteanas pinsean iarchurtha iomlán sa Chlár Comhardaithe.

Ba ionann an costas foriomlán in Ioncam agus Caiteachas 2008 agus €8.1m agus ba ionann an dliteanas iomlán sa Chlár Comhardaithe amhail 31 Nollaig 2008 agus €116m.

Deontas an Oireachtais

Ba é an Deontas i gCabhair bliantúil a fuarthas ón Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha na €5.97m in 2008 agus tá laghdú suntasach tagtha air le 5 bliana anuas. Fuarthas an toradh seo le cúnamh ón bhfás díolacháin tráchtála agus bainistíocht fhócasaithe ar laethanta féichiúnaithe.

Suirbhéireacht Ordanáis na hÉireann

Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008

CLÁR NA nÁBHAR - Ráitis Airgeadais

COMHALTAÍ BOIRD AGUS FAISNÉIS EILE	3
RÁITEAS MAIDIR LE FREACHTACHTAÍ NA gCOMHALTAÍ BOIRD	4
RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ AIRGEADAIS INMHEÁNACH	5
TUARASCÁIL AN tARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE	7
POLASAITHE CUNTASAÍOCHTA.	10
AN CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS	13
CLÁR COMHARDAITHE AMHAIL 31 NOLLAIG	15
RÁITEAS MAIDIR LE SREABHADH AIRGID THIRIM	17
NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS.	18

COMHALTAÍ BOIRD AGUS FAISNÉIS EILE

Comhaltaí Boird amhail 31 Nollaig 2008

Aturnae

An tUasal Kevin Bonner – Cathaoirleach

Aturnaetha McCann Fitzgerald

An tUasal Bill Attley

2 Plás Mháistir an Chuain

An tUasal Liam Egan

An Lárionad Seirbhísí Airgeadais
Idirnáisiúnta

An tUasal Pat W. Fenton

Baile Átha Cliath. 1.

An tUasal Michael D. Hayes

An tUasal Anthony Murray

An tUasal Liam O’Farrell

An tUasal Noel Ryan

An tUasal Rory M. Scanlan

An Iníon Geraldine Stafford

Iníúcháir

Baincéir

An tÁrd-Reachtair Cuntas agus Ciste

Banc na hÉireann

Bloc an Státhiste

an tSráid Mhór

Caisleán Bhaile Átha Cliath

Baile Bhlainséir

Baile Átha Cliath. 2.

Baile Átha Cliath. 15.

SUIRBHÉIREACHT ORDANÁIS NA hÉIREANN

RÁITEAS MAIDIR LE FREAGRACHTAÍ NA GCOMHALTAÍ BOIRD

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2008

Ceanglaíonn an tAcht um Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann, 2001 ar an mBord ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais a thugann dearcadh fíor agus cothrom ar staid chúrsaí Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann agus staid a ioncaim agus chaiteachais don tréimhse sin.

- Polasaithe cuntasáíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasmhach ansin
- Breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh
- Neamhchomhlíonadh ábhartha ar bith maidir le caighdeáin chuntasaíochta infheidhme a thaispeáint agus a mhíniú, agus
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé míchuí a cheapadh go leanfaidh Suirbhéireacht Ordanáis Éireann de bheith i mbun gnó.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil, a léiríonn le cruinneas réasúnta ag tráth ar bith, staid airgeadais Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann agus cur ar chumas an Bhoird a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais leis an Acht agus leis na caighdeáin chuntasaíochta arna leagan síos ag an Aire Airgeadais. Tá an Bord freagrach chomh maith as sócmhainní Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann a chosaint agus dá bhrí sin as céimeanna réasúnta a ghlacadh maidir le calaois nó mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú. Coinnítear leabhair chuntais an Bhoird i gceanncheathrú Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann i bPáirc an Fhionnuisce i mBaile Átha Cliath 8.

Thar ceann an Bhoird:

Kevin Bonner

Cathaoirleach

SUIRBHÉIREACTH ORDANÁIS NA hÉIREANN
RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ AIRGEADAIS INMHEÁNACH

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2008.

Thar ceann Bhord Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann, admhaím ár bhfreagracht a chinntiú go ndéantar córas éifeachtúil de rialú airgeadais inmheánach a choinneáil agus a fheidhmiú.

Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú absalóideach a chur ar fáil go bhfuil sócmhainní á gcosaint, idirbhearta a n-údarú agus a dtaifeadadh mar is cuí, agus go bhfuil earráidí nó mírialtachtaí á gcosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú i dtréimhse thráthúil.

Tá céimeanna glactha ag an mBord lena chinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe chuí i bhfeidhm trí:

- Freagrachtaí agus cumhachtaí bainistíochta a shainiú go soiléir
- Nósanna imeachta foirmiúla le haghaidh monatóireacht a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí agus sócmhainní na heagraíochta a chosaint
- Cultúr freagrachta a fhorbairt ar fud leibhéil uile na heagraíochta

Tá próisis bunaithe ag an mBord le rioscaí gnó a shainaithint agus a mheasúnú trí

- Cineál, méid agus impleachtaí airgeadais na rioscaí atá os comhair an chomhlachta lena n-áirítear méid agus na catagóirí a mheasann sé is inghlactha a shainaithint;
- Measúnú a dhéanamh ar an gcosúlacht go dtarlódh na rioscaí a sainaitníodh;
- Oibriú go dlúth leis an Rialtas agus le Gníomhaireachtaí éagsúla lena chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ann faoi spriocanna an OSi agus tacaíocht a thabhairt do na straitéisí maidir leis na spriocanna seo a bhaint amach.

Tá an córas rialaithe airgeadais inmheánaigh bunaithe ar chreat d'fhaisnéis bhainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear leithscaradh dualgas, agus córas tarmhlinn agus freagrachta. Go sonrach, áirítear leis:

- Córas buiséadaithe cuimsitheach le buiséad bliantúil a ndéanann an Bord é a athbheithniú agus a chomhaontú
- Athbheithnithe rialta ag an mBord ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn an fheidhmíocht airgeadais i gcoinne tuartha
- Spriocanna a leagan síos le feidhmíocht airgeadais agus feidhmíocht eile a thomhas
- Disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail.

Feidhmíonn an fheidhm iniúchta inmheánaigh de réir an Chreata um Chód an Chleachtais is Fearr a leagtar amach sa Chód Cleachtais ar Rialachas Comhlachtaí Stáit. Téann anailís ar an riosca ar a bhfuil an OSI nochta i gcion ar obair an iniúchta inmheánaigh agus tá pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh bunaithe ar an anailís seo. Formhuíonn an Coiste Iniúchta an anailís ar riosca agus na pleananna iniúchta inmheánaigh. Téann obair an Iniúchóra Inmheánaigh, an Choiste Iniúchta a dhéanann maoirseacht ar obair an Iniúchóra Inmheánaigh, na mbainisteoirí feidhmiúcháin laistigh den OSI a bhfuil freagracht acu as an gcreat rialaithe airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil, agus tráchtanna a dhéanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíocht i gcion ar mhonatóireacht agus athbheithniú an Bhoird ar éifeachtúlacht an chórais airgeadais inmheánaigh.

Dearbhaím gur chuir an Bord athbheithniú i gcrích i mí na Nollag 2008 ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh a bhí i bhfeidhm le linn 2008.

Sínithe thar ceann an Bhoird.

Kevin Bonner

Cathaoirleach.

SUIRBHÉIREACHT ORDANÁIS NA hÉIREANN

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le cur i láthair Thithe an Oireachtais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008 faoin Acht um Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann, 2001.

Cuimsíonn na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na polasaithe cuntasáíochta a leagtar amach iontu, na Polasaithe Cuntasáíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Cuntas Oibriúcháin, an Ráitis maidir le Gnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid Thirim agus na nótaí lena mbaineann.

Freagrachtaí faoi Seach an Bhoird agus an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tá Suirbhéireacht Ordanáis Éireann freagrach as ráitis airgeadais a ullmhú de réir an Achta um Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann, 2001 agus as rialtacht idirbheart a chinntiú. Ullmhaíonn Suirbhéireacht Ordanáis Éireann na ráitis airgeadais de réir na gCleachtas Cuntasáíochta a bhfuil Glacadh leo in Éirinn. Tá freagrachtaí cuntasáíochta na gComhaltaí Boird leagtha amach sa Ráiteas maidir le Freagrachtaí na gComhaltaí Boird.

Is í mo fhreagrachta ná iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais de réir riachtanais ábhartha dlí agus rialála agus de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúcháireacht (RA agus Éire).

Tugaim mo thuairim faoi cibé acu an dtugann na ráitis airgeadais dearcadh fíor agus cothrom nó nach dtugann, de réir na gCleachtas Cuntasáíochta a bhfuil Glacadh leo in Éirinn. Tugaim mo thuairim chomh maith faoi cibé acu ar coinníodh leabhair chuí chuntais nó nár coinníodh. Ina theannta sin, sonraím cé acu an dtugann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais nó nach dtugann.

Tuairiscím cás ábhartha ar bith nuair nár cuireadh airgead i bhfeidhm chun na críche dá raibh sé beartaithe nó áit nach gclóíonn idirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím fosta mura bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a raibh gá leo chun críche m'iniúchta.

Déanaim athbreithniú ar cibé acu an léiríonn an Ráiteas maidir le Rialú Airgeadais Immheánach géilliúlacht Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann leis na gCód Cleachtais ar Rialachas Comhlachtaí Stáit nó nach léiríonn agus cás ábhartha ar bith nach ndéanann sé amhlaidh, nó má tá an ráiteas míthreorach nó neamh-chomhsheasmhach maidir le faisnéis eile faoina bhfuil mé ar an eolas ó m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais a thuairisciú. Níl sé de cheangal orm a bhreithniú cibé acu an clúdaíonn an Ráiteas maidir le Rialú Airgeadais Immheánach na rioscaí agus rialuithe uile nó nach gclúdaíonn, nó tuairim a chruthú ar éifeachtúlacht na nósanna imeachta riosca agus rialaithe.

Léigh mé faisnéis eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil, agus breathnaím cé acu atá sí comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais iniúchta. Breathnaím na himpleachtaí le haghaidh mo thuarascála má thiocfaidh mé ar mhírátis nó neamh-chomhsheasmhachtaí ábhartha ar bith leis na ráitis airgeadais.

An Bunús le Tuairim an Iniúchta

I bhfeidhmiú m'fheidhme mar Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúchóireacht (RA agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta agus trí thagairt do na breithnithe speisialta atá ceangailte ar na comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmiú. Cuimsíonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann leis na méideanna agus na neamhchosaintí agus rialacht na n-idirbheart airgeadais a chuimsítear sna ráitis airgeadais. Cuimsíonn sé fosta measúnú ar na meastacháin agus na breithiúnais shuntasacha a dhéantar agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus ar cibé acu an bhfuil na polasaithe cuntasáochta iomchuí do chúinsí Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann nó nach bhfuil, an gcuirtear i bhfeidhm go comhsheasmhach iad nó nach gcuirtear agus an ndéantar iad a léiriú go himleor nó na ndéantar.

Rinne mé m'iniúchadh a phleanáil agus a fheidhmiú d'fhonn an fhaisnéis agus na mínithe uile a mheas mé is gá a fháil d'fhonn fianaise go leor a chur ar fáil dom le dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais slán ó mhírátis ábhartha, cé acu trí chialais nó trí mhírrialacht nó earráid eile. Agus mo thuairim á cruthú agam rinne mé measúnú ar leorgacht fhoriomlán chur i láthair na faisnéise sna ráitis airgeadais.

Tuairim

I mo thuairimse, tugann na ráitis airgeadais dearcadh fíor agus cothrom, de réir na gCleachtas Cuntasáochta a bhfuil Glacadh leo in Éirinn, maidir le staid chúrsaí Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann amhail 31 Nollaig agus maidir lena ioncam agus caiteachas don bhliain sin dar críoch.

I mo thuairimse, coinníodh Suirbhéireacht Ordanáis Éireann leabhair chuí chuntais. Tagann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

John Buckley

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

22 Iúil 2009

POLASAITHE CUNTASAÍOCHTA

1. Ginearálta

Bunaíodh Suirbhéireacht Ordanáis Éireann (OSi) le hIonstraim Reachtúil Uimh. 73 de 2002, an 4 Márta 2002 faoin Acht um Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann 2001.

2. An Bunús Cuntasaíochta

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn fabhráithe, ach amháin mar a luaitear thíos, faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil agus de réir an chleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh leis. Glactar le caighdeáin tuairiscithe airgeadais arna moladh ag na comhlachtaí cuntasaíochta aitheanta de réir mar a éiríonn siad infheidhme.

3. Cúlchiste Bunaithe

Ar an lá bunaithe, 4 Márta 2002, rinneadh sócmhainní agus dliteanais na Suirbhéireachta Ordanáis a aistriú chuig an OSi ar bhonn a luachanna ag an dáta sin agus cuireadh méid a bhí cothrom leis na glansócmhainní chun sochair na gCúlchistí.

4. Aitheantas ioncaim

Faigheann an OSi Deontas Oireachtais ón Roinn Airgeadais. Taispeántar an méid seo ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais sa tréimhse ina bhfuarthas é. Rinneadh Conradh Seirbhíse le haghaidh na seirbhísí atá le soláthar le Deontas an Oireachtais a fháil a chomhaontú leis an Aire Airgeadais.

D'fhéadfaí soláthar a dhéanamh do chustaiméirí digiteacha trí cheadúnú um rochtain ar shonraí na Suirbhéireachta Ordanáis. Tuilltear ioncam ó cheadúnais a dhíol go cothrom thar shaolré an cheadúnais.

D'fhéadfaí sonraí mapála a sholáthar do chustaiméirí chomh maith faoi chonarthaí bliantúla nó le haghaidh tréimhsí breise de bhliain amháin. Aithnítear ioncam faoi na conarthaí seo mar oibleagáidí faoi na conarthaí de réir mar a chomhlíontar iad. Gearrtar costais a bhaineann leis na conarthaí seo ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais de réir mar a thabhaítear iad.

Aithnítear díolacháin agus ioncam eile nuair a sheoltar an táirge nó nuair a sholáthraítear an tseirbhís.

5. Aoisliúntas

Feidhmíonn an OSi scéimeanna pinsin le sochar sainithe atá maoinithe go bliantúil ar bhonn íoc mar a úsáidtear as airgead atá ar fáil dó, lena n-áirítear airgead a sholáthraíonn an Roinn Airgeadais agus ranníocaíochtaí a bhaintear as tuarastail na foirne.

Déantar dliteanais scéim pinsean a thomhas ar bhonn achtúireach agus an modh aonad teilgthe á úsáid. Cuirtear dliteanais scéime i láthair ar leithligh ar an gclár comhardaithe.

Gearrtar sochair phinsin a íoctar maidir leis an mbliain le linn an Fhuílligh/(Easnaimh) don bhliain i ndiaidh cánach a ríomh.

Aithnítear muirear pinsin eile a chuimsíonn an costas reatha seirbhíse, an t-iarchostas seirbhíse agus an costas úis ar na dliteanais scéime lúide sochair phinsin a íoctar maidir leis an mbliain mar chostas pinsin sa Chuntas Oibriúcháin don bhliain. Gearrtar méid coibhéiseach ar an gCúlchiste Pinsean.

Aithnítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha a thagann as athruithe i mboinn tuisceana achtúireacha ó fhuílligh agus easnaimh ó thaithí sa ráiteas maidir le gnóthachain agus caillteanais aitheanta iomlána maidir leis an mbliain ina dtarlaíonn siad agus gearrtar ar an gCúlchiste Pinsean

6. An Bunachar Sonraí Topagrafaíochta Náisiúnta

Úsáidtear an Bunachar Sonraí Topagrafaíochta Náisiúnta le sonraí mapála digítí a chruthú agus a chothabháil. Tá an bunachar sonraí ríthábhachtach do ghníomhaíochtaí agus ghiniúint ioncaim an OSi.

Cuimsíonn an Bunachar Sonraí Topagrafaíochta Náisiúnta dhá phríomhghné – córas bainistíochta an bhunachair shonraí agus na sonraí topagrafaíochta bunúsacha (an bunachar sonraí).

Tugtar cuntas ar chóras bainistíochta an bhunachair shonraí mar threalamh ríomhaireachta faoi shócmhainní seasta inláimhsithe (féach nóta 8 a ghabhann leis na ráitis airgeadais). Aistríodh an tsócmhainn a bhí ann amhail 4 Márta 2002 isteach sa chlár comhardaithe tosaigh ag an gcostas lúide dímheas carntha.

Cé go bhfuil rochtain ag an OSi ar na sonraí topagrafaíochta agus gur féidir leis an OSi iad a úsáid, coimeádann Rialtas na hÉireann na cearta maoinne intleachtúla ar na sonraí. Dá réir sin, níor taisealbhadh luach ar bith do na sonraí topagrafaíochta sna ráitis airgeadais seo.

Tabhaíonn an OSi caiteachas ar bhonn leanúnach ag cothabháil agus ag cur feabhais ar na sonraí topagrafaíocha. Cuimsíonn sé seo airgead a chaitear ar ghníomhaíochtaí Mapála Úir agus Leasaithe Leanúnaigh. Gearrtar an caiteachas seo ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais de réir mar a thabhaítear é.

7. Sócmhainní seasta inláimhsithe

Sonraítear sócmhainní seasta inláimhsithe ag costas lúide dímheas carntha.

Déantar dímheas a ríomh d'fhonn costas na sócmhainní seasta inláimhsithe a díscríobh trí thráthchodanna bliantúla cothroma. Is iad seo a leanas na saolréanna úsáideacha measta ar faoina dtreoir a ríomhadh an dímheas:

Daingneáin agus feistis	3 go 10 mbliana
Mótarfheithiclí	5 bliana
Trealamh ríomhaireachta	4 bliana

8. Stoic

Cuimsíonn na stoic mapaí priontáilte agus soláthairtí agus sonraítear iad ag an gcostas nó an glanluach inréadaithe, cibé acu is ísle.

9. Airgeadraí Coigríche

Déantar idirbhearta a ainmnítear in airgeadraí coigríche a aistriú isteach go euro ag na rátaí malairte a bhíonn i réim ag dátaí na n-idirbheart. Déantar sócmhainní agus dlíteanais airgeadaíochta a ainmnítear in airgeadraí coigríche a aistriú isteach go euro ag na rátaí malairte a bhíonn i réim ag dátaí an chláir chomhardaithe agus cuirtear gnóthachain agus cailíteanais a thíocfaidh as sin san áireamh ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais don tréimhse.

AN CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS

		2008	2007
		€	€
	Nótaí		
Díolacháin	1	22,239,567	21,506,696
Deontas an Oireachtais		5,970,000	5,250,000
Ioncam Oibriúcháin Eile	4	<u>41,332</u>	<u>98,314</u>
		28,250,899	26,855,010
Costais Táirgthe agus Díolachán	2	(18,574,446)	(18,720,842)
Costais Dáilte agus Riaracháin			
Fuílleach/(Easnamh) don bliain roimh cháin	5	<u>(11,247,912)</u>	<u>(10,504,100)</u>
Cáin ar Fhuílleach/(Easnamh) ar ghnáthghníomhaíochtaí		(1,571,459)	(2,369,932)
Fuílleach/(Easnamh) don bhliain i ndiaidh cánach	7	—	—
		<u>(1,571,459)</u>	<u>(2,369,932)</u>
 <u>Cuntas Oibriúcháin</u>			
Easnamh ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais		(1,571,459)	(2,369,932)
Costas Pinsean don bhliain	(13c)	<u>(8,060,000)</u>	<u>(8,170,000)</u>
Easnamh Oibriúcháin don bhliain		<u>(9,631,459)</u>	<u>(10,539,932)</u>

Tá na Polasaithe Cuntasaíochta ar leathanaigh 7 agus 8, agus na nótaí ar leathanaigh 13-20 mar chuid de na Ráitis airgeadais seo.

Thar ceann an Bhoird

Kevin Bonner

Cathaoirleach

Geraldine Ruane

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

<u>Ráiteas maidir le Gnóthachain agus</u>	2008	2007
<u>Caillteanais Aitheanta Iomlána</u>		
	€	€
Fuílleach/(Easnamh)	(1,571,459)	(2,369,932)
Costas Pinsean Gearrtha ar an gCuntas	(8,060,000)	(8,170,000)
Oibriúcháin		
Gnóthachan (caillteanas) achtúireach		
Gnóthachan (Caillteanas) Aitheanta Iomlán	<u>(940,000)</u>	<u>4,170,000</u>
	<u>(10,571,459)</u>	<u>(6,369,932)</u>
<u>Gluaiseacht i gCúlchistí</u>		
Cúlchiste Ioncaim		
Iarmhéid amhail 1 Eanáir	(3,292,942)	(923,010)
Fuílleach/(Easnamh) don bhliain	<u>(1,571,459)</u>	<u>(2,369,932)</u>
Iarmhéid amhail 31 Nollaig	<u>(4,864,401)</u>	<u>(3,292,942)</u>
Cúlchiste Pinsean		
Iarmhéid amhail 1 Eanáir	(107,000,000)	(103,000,000)
Costas Pinsean Gearrtha ar na Cuntais	(8,060,000)	(8,170,000)
Oibriúcháin		
Gnóthachan (Caillteanas) Achtúireach	<u>(940,000)</u>	<u>4,170,000</u>
Iarmhéid amhail 31 Nollaig	<u>(116,000,000)</u>	<u>(107,000,000)</u>

AN CLÁR COMHARDATHE AMHAIL 31 NOLLAIG

		2008	2007
		€	€
	Nótaí		
Sócmhainní Seasta			
Sócmhainní Inláimhsithe	8	5,028,230	5,772,384
Sócmhainní Reatha			
Stoc	9	602,690	527,716
Féichiúnaithe	10	4,783,460	5,948,088
Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh		<u>1,846,428</u>	<u>767,745</u>
		7,232,578	7,243,549
Creidiúnaithe – méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin	11	<u>8,658,845</u>	<u>7,842,511</u>
Glansócmhainní reatha gan dliteanais pinsin san áireamh		<u>(1,426,267)</u>	<u>(598,962)</u>
Maoiniú Pinsean Iarchurtha		116,000,000	107,000,000
Dlíteanais Phinsean	13(b)	<u>(116,000,000)</u>	<u>(107,000,000)</u>
Glansócmhainní		<u>3,601,963</u>	<u>5,173,422</u>
Ionadaithe ag			
An Cúlchiste Bunaithe		8,466,364	8,466,364
An Cúlchiste Ioncaim		<u>(4,864,401)</u>	<u>(3,292,942)</u>
		<u>3,601,963</u>	<u>5,173,422</u>

Tá na Polasaithe Cuntasaíochta ar leathanaigh 7 agus 8, agus na nótaí ar leathanaigh 12-19 mar chuid de na Ráitis airgeadais seo.

Thar ceann an Bhoird

Kevin Bonner

Geraldine Ruane

Cathaoirleach

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

AN RÁITEAS MAIDIR LE SREABHADH AIRGID THIRIM

	2008	2007
	€	€
Nótaí		
RÉITEACH NA GLANGLUAISEACHTA DON BHLIAIN		
Fuilleach/(Easnamh) don tréimhse i ndiaidh cánach	(9,631,459)	(10,539,932)
Dímheas	3,001,841	3,153,941
Glanluach Saothair Pinsin Iarchurtha	8,060,000	8,170,000
Ús Taisce	(40,682)	(84,100)
Laghdú/(Méadú) i bhféichiúnaithe agus réamhíocaíochtaí	1,164,628	451,250
Méadú/(Laghdú) i gcreidiúnaithe	816,334	1,487,076
(Méadú)/Laghdú i stoic	<u>(74,974)</u>	<u>(77,966)</u>
Glan-insreabhadh airgid/(glan-eis-sreabhadh airgid) ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	<u>3,295,688</u>	<u>2,560,269</u>
RÁITEAS MAIDIR LE SREABHADH AIRGID THIRIM		
Glan-insreabhadh airgid/(glan-eis-sreabhadh airgid) ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	<u>3,295,688</u>	<u>2,560,269</u>
Fáltas ar infheistíochtaí agus sheirbhísiú maoinithe		
Ús a fuarthas	<u>40,682</u>	<u>84,100</u>
Glan-insreabhadh airgid/(glan-eis-sreabhadh airgid) Fáltas ar infheistíochtaí agus sheirbhísiú maoinithe	<u>40,682</u>	<u>84,100</u>
Caiteachas Caipitiúil		
Fáltais ar dhíolacháin sócmhainní seasta inláimhsithe	8	-
Ceannach sócmhainní seasta inláimhsithe	8	<u>(3,710,503)</u>
Glan-insreabhadh airgid ó chaiteachas caipitiúil	<u>(2,257,687)</u>	<u>(3,710,503)</u>
Méadú/(laghdú) in airgead tirim	<u>1,078,683</u>	<u>(1,066,134)</u>
Réiteach an Ghlan-insreafa Airgid chuig an nGluaiseacht i nGlanchistí		
Glanmhéadú/(glanlaghdú) in airgead tirim	<u>1,078,683</u>	<u>(1,066,134)</u>
Glanchistí amhail 1 Eanáir	767,745	1,833,879
Glanchistí amhail 31 Nollaig	<u>1,846,428</u>	<u>767,745</u>
Gluaiseacht i nglanchistí	<u>1,078,683</u>	<u>(1,066,134)</u>

Tá na Polasaithe Cuntasaíochta ar leathanaigh 7 agus 8, agus na nótaí ar leathanaigh 12-19 mar chuid de na Ráitis airgeadais seo.

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

	2008	2007
	€	€
1 Díolacháin		
Conarthaí fadtéarmacha – Comhairlí Contae	3,202,710	2,303,799
Conarthaí fadtéarmacha – Fóntais agus comhlachtaí rialtais	10,798,595	9,048,293
Díolacháin Mhapaí lena n-áirítear ceadúnas bliantúil		
	<u>8,238,262</u>	<u>10,154,604</u>
	<u>22,239,567</u>	<u>21,506,696</u>
2. Costas Táirgthe agus Díolachán	2008	2007
	€	€
Costas Táirgthe (Mapáil Úr agus Leasú Leanúnach)		
Tuarastail & Pánna	11,099,143	10,575,426
Costais TF	2,461,681	2,087,494
Dímheas	2,759,959	2,888,424
Mapáil foinsithe lasmuigh	154,802	1,243,030
Costais eitilte agus chothabhála		
Taisteal & Liúntas Cothaithe	529,230	457,094
Costais Reáchtála Feithiclí	586,963	533,637
Costais Conraitheoirí	185,125	167,569
Caiteachas teagmhasach	1,550	3,414
Páipéarachas	73,821	35,846
Trealamh allamuigh	30,156	18,545
Costais breacairí	18,406	16,667
	<u>30,543</u>	<u>46,496</u>
	17,931,379	18,073,642
Costas Díolachán:		
Stoc Tosaigh	527,716	371,192
Costais ar phriontáil foinsithe lasmuigh	718,041	803,724
Stoc Deiridh amhail 31 Nollaig	<u>(602,690)</u>	<u>(527,716)</u>
Costas Iomlán Táirgthe agus Díolachán	<u>18,574,446</u>	<u>18,720,842</u>

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS – Ar lean

3 Costais ar Mhapáil Úr agus Leasú Leanúnach

Mar a chuirtear síos in alt 6 leis na polasaithe cuntasáíochta, gearrtar caiteachas a thabhaítear ar an mbunachar sonraí topagrafaíochta ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais don tréimhse ina dtabhaítear iad. Ba iad na méideanna a gearradh ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais ná:

	2008	2007
	€	€
Mapáil Úr	9,046,381	9,092,702
Leasú Leanúnach	<u>8,884,998</u>	<u>8,980,940</u>
	<u>17,931,379</u>	<u>18,073,642</u>

Measann an OSi go ndéanfar an bunachar sonraí topagrafaíochta a athnuachan trí leasú leanúnach thar thimthriall cúig bliana.

4. Ioncam oibriúcháin eile

	2008	2007
	€	€
Ús taisce	40,682	84,100
Ioncam eile	<u>650</u>	<u>14,214</u>
	<u>41,332</u>	<u>98,314</u>

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS – Ar lean

5. Costais Dáilte agus Riaracháin

	2008	2007
	€	€
Tuarastáil & Pánna	6,542,986	6,210,965
Íocaíochtaí pinsin*	1,189,729	718,643
Taisteal & Líuntas Cothaithe	160,755	188,770
Oiliúint & síntiúis	376,949	363,670
Margaíocht & Arduithe Céime	371,002	357,649
Caiteachas teagmhasach	159,042	114,954
Táillí Baine	30,260	23,823
Caiteachas áitreabh oifige	557,876	645,927
Árachas Ginearálta		
Soilse & teas	77,780	84,011
Glantóireacht	316,676	301,804
Postas & Teileafón	187,008	155,086
Soláthar le haghaidh drochfhiach	282,036	282,681
Dímheas	100,000	-
Sainchomhairliúchán	241,882	265,517
Grianghrafadóireacht conarthaí	303,288	510,723
Costais dhlíthiúla & ghairmiúla	31,138	2,478
Táillí na stiúrthóirí	83,601	44,870
Seirbhísí párolla foinsithe lasmuigh	95,000	95,000
Táillí iniúchta	65,412	54,426
Páipéarachas agus trealamh oifige	36,000	37,900
Drochfhiacha	39,311	43,614
	<u>181</u>	<u>1,589</u>
	<u>11,247,912</u>	<u>10,504,100</u>

Tá áitreabh á áitiú saor ó chíos ag an OSi i bPáirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath a sholáthraíonn Oifig na nOibreacha Poiblí. I mí na Nollag 2003 d'fhógair an tAire Airgeadais go ndéanfar Ceanncheathrú an OSi a athshuíomh go Dún Garbhán, Co. Phort Láirge.

* Taispeántar íocaíochtaí pinsin glan ó ranníocaíocht fostaithe de €450,000.

6	Costas foirne agus faisnéis fostaithe	2008	2007
		€	€
	Pánna agus tuarastail (lena n-áirítear ranníocaíochtaí pinsin)	18,016,924	16,752,712
	Costais árachais shóisialta	<u>814,934</u>	<u>752,322</u>
		<u>18,831,858</u>	<u>17,505,034</u>

Ba é an meánlíon de dhaoine a bhí fostaithe le linn na tréimhse ná 317 (2007: 322).

7 **Cáin ar fhuílleach/(easnamh) ar ghnáthghníomhaíochtaí**

	2008	2007
	€	€
Cáin reatha a gearradh don tréimhse	-	-
Rósholáthar maidir le blianta roimhe sin	-	-
Cáin iarchurtha:		
Tionscnamh agus cúlú difríochtaí uainiúcháin	-	-
Muirear/(creidmheas) cánach don tréimhse	=	=

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS – Ar lean

8 Sócmhainní inláimhsithe	Mótarfheithiclí	Trealamh Ríomhaireachta	Daingneáin & Feistis	Iomlán
	€	€	€	€
Costas nó luacháil				
Amhail 1 Eanáir 2008	<u>693,656</u>	<u>23,593,627</u>	<u>1,974,083</u>	<u>26,261,366</u>
Breisiúcháin	55,897	2,194,935	6,855	2,257,687
Diúscairtí	=	=	=	=
Amhail 31 Nollaig 2008	<u>749,553</u>	<u>25,788,562</u>	<u>1,980,938</u>	<u>28,519,053</u>
Dímheas Carntha				
Amhail 1 Eanáir 2008	<u>503,998</u>	<u>19,318,735</u>	<u>666,249</u>	<u>20,488,982</u>
Muirear don tréimhse	80,398	2,759,959	161,484	3,001,841
Diúscairtí	=	=	=	=
Amhail 31 Nollaig 2008	<u>584,396</u>	<u>22,078,694</u>	<u>827,733</u>	<u>23,490,823</u>
Glanmhéid leabhair				
Amhail 31 Nollaig 2008	<u>165,157</u>	<u>3,709,868</u>	<u>1,153,205</u>	<u>5,028,230</u>
Amhail 31 Nollaig 2007	<u>189,658</u>	<u>4,274,892</u>	<u>1,307,834</u>	<u>5,772,384</u>
9 Stoic				
			2008	2007
			€	€
Tomhaltáin			86,179	70,349
Stoic mhapaí			<u>516,511</u>	<u>457,367</u>
			<u>602,690</u>	<u>527,716</u>
10 Féichiúnaithe				
			2008	2007
			€	€
Méideanna atá dlite:				
Féichiúnaithe trádála			2,377,416	3,347,238
Féichiúnaithe eile			6,975	58,560
Réamhíocaíochtaí			1,053,399	653,264
Méid inghnóthaithe ar chonarthaí			<u>1,345,670</u>	<u>1,889,026</u>
			<u>4,783,460</u>	<u>5,948,088</u>

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS – Ar lean

11 Creidiúnaithe – méideanna dlite laistigh de bhliain amháin	2008	2007
	€	€
Creidiúnaithe trádála	733,840	44,863
CBL	549,219	449,750
Cáin Ioncaim asbhainte faoi ÍMAT	210,541	197,024
Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasta	110,257	103,195
 Creidiúnaithe eile		
Fabhruithe	181,697	157,996
Íocaíocht/sonrascadh roimh ré ar chonarthaí fadtéarmacha	1,318,847	1,807,877
	<u>5,554,444</u>	<u>5,081,806</u>
	<u>8,658,845</u>	<u>7,842,511</u>

12 Caiteachas caipitiúil amach anseo nach ndearnadh soláthar dó.

Níl conradh déanta ag an OSi le haghaidh caiteachas caipitiúil ar bith amach anseo.

13 Costais Phinsin

(a) Anailís ar an méid a gearradh le linn an fhuílligh (easnaimh) don bhliain a ríomh.

	2008	2007
	€	€
Gearrtha ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais	1,640,000	1,230,000
Gearrtha ar an gCuntas Oibriúcháin		
Costais reatha Seirbhíse	3,800,000	3,700,000
Ús ar Dhliteanas Scéime	5,900,000	5,700,000
Sochair a Íocadh	(1,640,000)	(1,230,000)
Costas Pinsin Gearrtha ar an gCuntas Oibriúcháin	<u>8,060,000</u>	<u>8,170,000</u>
An t-iomlán a gearradh agus an Fuílleach/(Easnamh) Oibriúcháin á ríomh.	<u>9,700,000</u>	<u>9,400,000</u>

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS — Ar lean

(b) Anailís ar an ngluaiseacht i ndlíteanas le linn na bliana

	2008	2007
	€	€
Dlíteanas scéime amhail 1 Eanáir	107,000,000	103,000,000
Costas reatha seirbhíse	3,800,000	3,700,000
Costais úis	5,900,000	5,700,000
Caillteanas/(gnóthachan) achtúireach	940,000	(4,170,000)
Pinsin a íocadh sa bhliain	<u>(1,640,000)</u>	<u>(1,230,000)</u>
Dlíteanas scéime amhail 31 Nollaig	<u>116,000,000</u>	<u>107,000,000</u>

(c) Maoiniú Iarchurtha le haghaidh Pinsean

Aithníonn an OSi na méideanna seo mar shócmhainn a chomhfhreagraíonn don dlíteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe le haghaidh pinsean ar bhonn na sraithe de bhoinn tuisceana ar a gcuirtear síos thuas agus líon d'imeachtaí san am a chuaigh thart. Áirítear ar na himeachtaí seo an bonn reachtúil le haghaidh an scéim pinsean a bhunú, agus an polasaí agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le pinsin na seirbhíse poiblí a mhaoiniú lena n-áirítear ranníocaíochtaí ó fhostaithe agus an próiseas um meastacháin bhliantúla. Níl fianaise ar bith ag an OSi nach leanfaidh an polasaí maoinithe seo de na suimeanna sin a bhaint amach de réir an chleachtais reatha.

Ba é seo a leanas an Glanmhaoiniú Iarchurtha le haghaidh Pinsean a aithnítear sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais:

	2008	2007
	€	€
Maoiniú inghnóthaithe maidir le costais phinsin na bliana reatha	9,700,000	9,400,000
Deontas stáit a curtha i bhfeidhm le pinsinéirí a íoc	<u>(1,640,000)</u>	<u>(1,230,000)</u>
	<u>8,060,000</u>	<u>8,170,000</u>

Ba ionann an tsócmhainn mhaoinithe iarchurtha le haghaidh pinsean amhail 31 Nollaig agus €116m (2007: €107m)

(d) Stair na ngnóthachan agus na gcaillteanas ó thaithí

	2008	2007
	€	€
Caillteanas/(gnóthachain) ó thaithí ar dhlíteanas scéime		
Méid (€)	940,000	(4,170,000)
Céatadán luach reatha na ndlíteanas scéime	1%	(4%)

Is ionann an caillteanas (nó gnóthachan de réir mar a bheidh) achtúireach carnach a aithnítear sa Ráiteas maidir le Gnóthachain agus Caillteanas Aitheanta Iomlána agus €940,000.

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS – Ar lean

(e) Feidhmíonn an OSi Scéim Aoisliúntas Foirne le Sochar Sainithe agus Scéim Phinsin Ranníocaigh do Chéilí agus Leanaí. Déantar teidlíochtaí aoisliúntais a eascraíonn as na scéimeanna seo a íoc amach as ioncam reatha an OSi agus gearrtar iad le linn an Fhuílligh (Easnamh) ar an gcuntas Ioncaim agus Caiteachais sa bhliain ina n-éiríonn siad iníoctha a ríomh. Ní choinnítear ciste ar leithligh ar bith agus ní shealbhaítear sócmhainní le híocaíocht pinsean agus aiscí a mhaoiniú. Chinn luacháil achtúireach ag 31 Nollaig 2008 luacháil dliteanas pinsin maidir le foireann a bhí ag fónamh agus foireann a scoir arbh ionann an tsuim agus €116m (€107m amhail 31 Nollaig 2007). Ar an lá dílsithe ba ionann an dliteanas agus €62m. Ba é achtúire cáilithe neamhspleách a rinne an luacháil chun críche an chaighdeáin chuntasáochta, *Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais Uimh. 17 – Sochair scoir (FRS17)*.

Ba iad na príomhbhoinn tuisceana a úsáideadh ná:

	Ag 31/12/08	Ag 31/12/07	Ag 31/12/06
Ratá lascaine	5.5%	5.5%	5.5%
Ráta méadaithe tuarastal	4.0%	4.0%	4.0%
Ráta méadaithe i bpinsin	4.0%	4.0%	4.0%
Boilsciú	2.0%	2.0%	2.0%

Ní chuir an t-achtúire an fhaisnéis maidir leis an neamhchosaint a theastaíonn ó FRS17 i ndáil le mortlaíocht ar fáil. Cuirfidh an t-achtúire a fhaisnéis seo ar fáil do 2009 agus do bhlianta ina dhiaidh sin.”

(f) Neamhchosaintí FRS17 Leasaithe

Cuireadh an fhaisnéis ar phinsin i láthair de réir na riachtanas neamhchosanta úr a éilítear ó 2008 faoi leasú ar FRS17.

(g) Neamhchomhlíonadh ó chur i láthair FRS 17

Nochtann na ráitis airgeadais an fuilleach don bhliain i ndiaidh sochair pinsin a íocadh maidir leis an tréimhse a ghearradh agus an t-easnamh i ndiaidh soláthar a dhéanamh do gach costas pinsin arna shocrú faoi FRS 17. Creideann an Bord go dtugann an cur i láthair seo cur i láthair níos cothroime ar fheidhmíocht airgeadais an OSi ag féachaint do go bhfeidhmítear na scéimeanna pinsean ar bhonn íoc mar a úsáidtear agus nach bhfuil an maoiniú ón stát beartaithe le cur ar chumas an OSi réamh-mhaoiniú a dhéanamh.

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS – Ar lean

14 Luach saothair, iasachtaí agus idirbhearta na gComhaltaí Boird

	2008	2007
	€	€
Díolaíochtaí:		
- le haghaidh seirbhíse mar chomhaltaí Boird	95,000	95,000
- le haghaidh seirbhíse eile	-	-
	<u>95,000</u>	<u>95,000</u>

Ní raibh iasachtaí ar bith chuig, nó idirbhearta ar bith le Comhaltaí Boird don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008. Ghlac an Bord nósanna imeachta de réir treoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Airgeadais i ndáil le nochtadh leasanna ag comhaltaí Boird agus cloíodh leis na nósanna imeachta seo i rith na bliana. Ní raibh idirbhearta ar bith ann maidir le gníomhaíochtaí an OSI ina raibh leas tairbhíoch ar bith ag Comhaltaí Boird.

15 Imeachtaí i ndiaidh an chláir chomhardaithe

Níl imeachtaí suntasacha ar bith ann.

16 Gnóthas Leantach

Nochtann an clár comhardaithe easnamh suntasach a tháinig as glacadh an FRS17. D'ainneoin é seo creideann an Bord go mbeidh go leor acmhainní ar fáil don OSI go ceann i bhfad óna ghníomhaíochtaí tráchtála nó ó dheontas ón Stát d'fhonn leanúint dá oibríochtaí agus dá shainordú reachtúil a chomhlíonadh. Sna cúinse seo, creideann an Bord go leanann sé de bheith cuí le ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh.

17 Faomhadh na ráitis airgeadais

D'fhaomh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais an 29 Aibreán 2009.